# Na Chéad 5

# Plean um Chur i bhFeidhm 2019-2021

**Clár Ábhar**


**Brollaigh**

| | |
|---|---|
| Brollach leis an Taoiseach | 3 |
| Brollach leis an Aire | 4 |

**Achoimre**

| | |
|---|---|
| Na Chéad 5 Chéim Mhóra | 6 |
| Scéal na luath-óige | 7 |
| Fís na luath-óige | 9 |
| Sracfhéachaint ar Na Chéad 5 | 10 |

**Réamhrá**

| | |
|---|---|
| Réamhrá | 11 |
| Léargas Ginearálta ar Na Chéad 5 | 12 |

**Tábla Gníomhartha agus Garspriocanna**

| | |
|---|---|
| Sprioc A: Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla | 16 |
| Sprioc B: Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach | 27 |
| Sprioc C: Luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe | 46 |
| Sprioc D: Córas éifeachtach luath-óige | 63 |

**Tacú le cur i bhfeidhm**

| | |
|---|---|
| Tacú le cur i bhfeidhm | 100 |
| Próisis agus meicníochtaí chun monatóireacht agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm | 104 |
| Dúshláin, rioscaí agus maolú um chur i bhfeidhm | 105 |

**Brollach leis an Taoiseach**

Tagann thart ar 60,000 naíonán ar an saol in Éirinn gach bliain. Má thógaimid na céimeanna cearta ina gcéad mhíonna agus bhlianta, seans maith go mbeidh na leanaí sin sásta agus sláintiúil ina n-óige agus go mbeidh siad chomh sásta agus chomh sláintiúil céanna agus iad fásta suas.

Tá an tús is fearr sa saol tuillte ag gach leanbh.

Ar fud an Rialtais, táimid ag obair le chéile chun deiseanna a fheabhsú do leanaí agus dá dteaghlaigh.

Sna Chéad 5, cuirtear béim nua ar leanaí agus ar theaghlaigh, agus cuirtear iad i gcroílár ár n-obair. Tá na gealltanais a rinneadh sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta á gcur i gcrích againn.

Tá spriocanna sa Straitéis atá uaillmhianach ach indéanta chun teaghlaigh agus pobail a neartú, chun sláinte choirp agus mheabhrach a chinntiú agus chun deiseanna foghlamtha atá súgradhbhunaithe a chur ar fáil do gach leanbh le linn na mblianta luatha sin, atá thar a bheith tábhachtach d'fhorbairt an linbh.

Sa Phlean um Chur i bhFeidhm 2019-2021, cuirtear béim ar na comhpháirtíochtaí a chruthófar idir Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus an Earnáil Pobail agus an Earnáil Deonach, chun ár spriocanna a bhaint amach.

Cuirtear tús sa phlean leis na gníomhartha a dhéanfar sna chéad trí bliana agus déanfar a mhéad agus go n-éireoidh linn a mheas go bliantúil in aghaidh na ngarspriocanna atá luaite againn.

Táim ag tnúth le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus muid ag obair chun a chinntiú go bhfuil an seans is fearr ag gach leanbh chun rath a bheith orthu.

**Leo Varadkar** TD
An Taoiseach

**Brollach leis an Aire**

Tá áthas an domhain orm, i mo cháilíocht mar an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Plean um Chur i bhFeidhm na Chéad 5 (2019-2021) a fhoilsiú.

Sa phlean uaillmhianach trí-bliana seo, léirítear an tiomantas atá againn chun deimhniú go mbíonn saol dearfach ag gach uile leanbh i rith a óige. Cuireann sé tús lenár n-aistear chun fís na Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh, a bhaint amach. Tá Céimeanna Móra na Chéad 5 atá de dhíth chun an t- athrú a bheith bainte amach leagtha amach sna leathanaigh thosaigh den doiciméad seo agus tá cur síos iontu ar an fhís atá sa Straitéis don Luath-Óige.

Tá cur síos sa phlean ar na céimeanna misniúla atáim chun tógáil anois chun ollstruchtúr na seirbhísí luath-óige a athchóiriú sna deich mbliana atá amach romhainn, chun deimhniú go mbeidh na tacaíochtaí uile atá de dhíth ag leanaí chun barr a gcumas a bhaint amach ann.

Mo mhíle buíochas don Ghrúpa Idir-Rannach ar bunaíodh é chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an Phlean seo. Tugtar ionadaíocht thar ceann ghrúpa leathan trasearnála de na Ranna Rialtais agus de na Gníomhaireachtaí Stáit sa Ghrúpa Idir-Rannach seo, agus tugann mo Roinn féin ceannaireacht dó go paiteanta.

Bhí forbairt an Phlean um Chur i bhFeidhm atriallach, chomhoibríoch agus chomhairleach agus, sa chomhthéacs sin, ba mhian liom aitheantas a thabhairt don ról tábhachtach a bhí ag Struchtúir Forfheidhmithe Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile agus, go háirithe, ag an nGrúpa Comhairleach.

De réir mar a leanaimid ar aghaidh chun an Plean um Chur i bhFeidhm a chur i gcrích, leanfaidh mo Roinn ar aghaidh ag tabhairt ceannaireacht don chomhiarracht seo agus táimse féin, chomh maith leis na hoifigigh ó mo Roinn, ag súil le bheith ag comhoibriú le comhghleacaithe ó na Ranna Rialtais eile, ó na Gníomhaireachtaí Stáit, ón Earnáil Phobail, ón Earnáil Dheonach, agus ó pháirtithe éagsúla eile in iarracht chun torthaí níos fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

Táim fíor-mhuiníneach gur féidir linn go léir obair as lámh a cheile, ionas go mbeidh Éire ar an áit is fearr ar domhan le bheith i do leanbh agus tú ag fás aníos.

**An Dr Katherine Zappone** TD
Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

**Achoimre**

*Na Chéad 5* **Chéim Mhóra**

**1. Teacht ar réimse níos fairsinge de roghanna do thuismitheoirí chun cothromaíocht a bhaint amach idir oibriú agus cúram a thabhairt**

Chun tacú le leanaí níos mó ama a chaitheamh lena dtuismitheoirí, go háirithe sa chéad bhliain, tá pleananna leagtha amach sna Chéad 5 chun scéim nua saoire thuismitheoireachta a fhorbairt. Beidh teidlíochtaí breise do shaoire íoctha d'aithreacha agus do mháithreacha araon. Gabhfaidh réimse beart leis an scéim seo chun socruithe oibre solúbtha níos fearr a thacaíonn le teaghlaigh a fhorbairt.

**2. Samhail nua de thacaíocht tuistithe**

Cuirfear faisnéis agus treoir ar fáil do thuismitheoirí chun iompar sláintiúil a chur chun cinn, luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe a éascú agus na coinníollacha a chruthú chun ceangail láidre idir tuismitheoirí agus leanaí a chruthú agus a chothú. Déanfaidh *Na Chéad 5* na tacaíochtaí reatha tuistithe a chuíchóiriú agus a fheabhsú i measc réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. Ina theannta sin, cuirfear cantanam seirbhísí tuistithe ar fáil - idir seirbhísí uilíocha agus spriocdhírithe - cláir thuistithe ardchaighdeáin ina measc. Táthar chun Aonad Tuistithe nua a bhunú sa Roinn seo chun an obair thábhachtach seo a stiúradh.

**3. Forbairtí nua ar shláinte leanaí**

Príomhghníomhaíocht amháin a bheidh de dhíth más rud é go mbeifear in ann Na Chéad 5 a bhaint amach a bheidh i lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt, a bheidh dírithe i dtosach ar cheantair ina bhfuil ard-dlús daonra agus míbhuntáiste. Leagtar amach sa Straitéis bearta nua chun iompar dearfach sláinte agus meabhairshláinte naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach a chur chun cinn. Ina theannta sin, sainaithnítear bearta chun barr breise feabhais a chur ar an gClár Náisiúnta Óige Sláintiúla. Déantar an Oifig Éire Shláintiúil sa Roinn Sláinte baint amach na mbeart seo a stiúradh (i gcomhar le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit tábhachtacha eile).

**4. Athchóiriú an chórais Luathfhoghlama agus Chúraim (LFC)**

Cuireann *Na Chéad 5* leis na forbairtí an-suntasacha a rinneadh ar luathfhoghlaim agus cúram (LFC) (agus cúram leanaí ar aois scoile) le blianta beaga anuas agus féachann sé le feabhas breise a chur ar inacmhainneacht, inrochtaineacht agus cáilíocht. I measc na mbeart, tá: an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a thabhairt isteach, druidim de réir a chéile i dtreo lucht saothair LFC gairmiúil atá faoi stiúir céimithe, rialacháin a shíneadh chun gach feighlí leanaí atá á íoc agus seirbhís chúram leanaí ar aois scoile a chuimsiú, agus samhail nua chistithe a thabhairt isteach do LFC. Faoin tsamhail seo, tacófar le fostóirí chun coinníollacha oibre níos fabhraí a sholáthar a dhéanfaidh an fhoireann a mhealladh agus a choimeád. Buntacóidh struchtúr treisithe rialachais ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil leis na hathchóirithe seo.

**5. Pacáiste beart chun dul i ngleic le bochtaineacht luath-óige**

Sainaithnítear in *Na Chéad 5* bearta nua a rachaidh i ngleic le bochtaineacht sa luath-óige. Ina measc seo, beidh teacht níos fairsinge ar LFC saor in aisce agus fóirdheonaithe, síneadh a chur leis na Scéimeanna Teasa agus Folláine agus Tithe Níos Teo, Cláir Chócaireachta Pobail agus clár béilí a thabhairt isteach chuig suíomhanna LFC. Anuas air sin, cruthófar deiseanna breise chun an bhearna a laghdú idir na leanaí is mó a bhfuil buntáiste acu agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste trí shamhail de chineál DEIS a thabhairt isteach do shuíomhanna LFC.

**Scéal na Luath-Óige**

| **Fís** |
| --- |
| Léireofar luach ar luathbhlianta naíonán agus leanaí óga mar thréimhse ríthábhachtach agus ar leith ar cheart taitneamh a bhaint aisti. Cabhrófar le teaghlaigh agus cuirfear ar a gcumas naíonáin agus leanaí óga a chothú agus tacú lena bhforbairt, agus cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil dóibh siúd óna dteastaíonn sé. Beidh ar chumas iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh cur lena bhfoghlaim, forbairt, sláinte agus folláine. Cabhróidh comhthéacsanna pobail le naíonáin agus leanaí óga chun an tairbhe is mó a bhaint dá luathbhlianta agus a lánchumas a bhaint amach. |

Sna leathanaigh oscailte seo den Straitéis *Na Chéad 5*, leagtar fís optamach amach go hachomair don luath-óige. Tá sé de chuspóir ag *Na Chéad 5* an fhís seo a fhíorú.

Tá sé bunaithe ar na caibidlí is tábhachtaí i saol leanaí óga: sláinte sa luath-óige a thosaíonn le linn toirchis, am a chaitheamh le tuismitheoirí i dtimpeallacht chothaitheach agus spraíúil bhaile, áit a bhfreastalaítear ar riachtanais ábhartha, luathfhoghlaim agus cúram ardchaighdeáin súgradhbhunaithe, an t-aistriú dearfach chuig an mbunscoil, agus an pobal ina gcaitheann an leanbh luathbhlianta a shaoil.
Le córas luath-óige a fheidhmíonn go maith, déantar cinne de go dtugtar tacaíocht uasta i ngach ceann de na limistéir seo do naíonáin agus leanaí óga.

Leagtar amach sa Straitéis *Na Chéad 5* conas córas tacaíochtaí agus seirbhísí comhtháite a fhorbairt – córas éifeachtach luath-óige – a chabhróidh le gach naíonán agus leanbh óg in Éirinn chun eispéiris dhearfacha luatha a bheith acu. Mínítear sa Straitéis an fáth ar cheart an córas seo a fhorbairt, an chuma ba cheart a bheith uirthi agus, ar an rud is tábhachtaí, na gníomhartha riachtanacha.

Tá an t-aistear luathbhlianta spreagúil agus tábhachtach. Cinntímis gurb iontach an scéal é do gach leanbh.

*Luathóige shláintiúil ag tosú ón toircheas*
Tosaíonn an fhoghlaim roimh bhreith. Imríonn an méid a thiteann amach i rith toirchis, agus roimh ghiniúint, tionchar ar fhorbairt linbh[i,ii]. Is féidir le seiceálacha luatha sláinte fadhbanna a shainaithint sula bhforbraíonn siad. Is féidir leis na seirbhísí ceart ag an am ceart an oiread sin difríochta a dhéanamh[iii, iv].

Ba cheart go dtacódh córas éifeachtach luath-óige le tuismitheoirí chun ullmhúchán maith a dhéanamh do thoircheas, teacht ar chúram ardchaighdeáin réamhbhreithe, roghanna sláintiúla a dhéanamh i rith toirchis agus eispéiris dhearfacha bhreithe a bheith acu. Ciallaíonn seo acmhainní faisnéis ardchaighdeáin a chur ar fáil, agus barr feabhais a chur ar sheirbhísí sláinte, teagmháil bhreise ina measc le máithreacha atá ag súil le leanbh, cúram sármhaith máithreachais a chinntiú.[v]

Le linn luathmhíonna agus luathbhlianta linbh, leanfaidh córas éifeachtach luath-óige ag tacú le tuismitheoirí chun roghanna sláintiúla a dhéanamh, agus athbhreithnithe sláinte linbh, vacsaínithe agus scagthástáil a sholáthar ar bhonn uilíoch. Ba cheart leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu a shainaithint a luaithe agus is féidir, agus tacaíocht chuí a fháil.[vi,vii]

*Am a chaitheamh le tuismitheoirí, go háirithe sa chéad bhliain i dtimpeallacht chothaitheach agus spraíúil bhaile, ina bhfreastalaítear ar riachtanais ábhartha leanaí*
Is iad an caidreamh idir an tuismitheoir agus an leanbh, caidreamh idirthuismitheora, agus an timpeallacht bhaile [viii] an bhunchloch faoi fhorbairt luath-óige.[ix] Baineann tábhacht ar leith leis an gcéim roimh bhreithlá trí bliana linbh chun an inchinn a fhás. Is é bainne cíche an fhoinse is fearr do chothú do naíonán.[x] Baineann naíonáin an tairbhe is mó as aird aonair a fháil ó chúramóir grámhar agus freagrúil agus cuireann seo ar a gcumas ceangail láidre a chruthú. I gcaitheamh agus i ndiaidh na míonna ríthábhachtacha seo[xi, xii] Bíonn an súgradh agus an taiscéalaíocht a dhéanann an naíonán ar an saol nua atá ina thimpeall, chomh maith lena chaidrimh chothaitheacha theaghlaigh, ag croílár fhorbairt an linbh i rith na míonna ríthábhachta seo, agus ina ndiaidh chomh maith.[xiii]

Bíonn tionchar ollmhór ag cás an tuismitheora ó thaobh fostaíochta de ar a bpáistí, thar aon ní eile mar gheall ar an méid sin luacha a chuireann leanaí óga agus tuismitheoirí araon ar an am a chaitheann siad le chéile mar theaghlach..[xv]

Ba cheart go gcuirfeadh córas éifeachtach luath-óige ar chumas aithreacha agus máithreacha cúram a thabhairt do leanaí i rith a gcéad bhliana trí theidlíochtaí saoire thuismitheoireachta níos flaithiúla a bheith acu. Ba cheart go dtacódh sé le máithreacha chun tús a chur leis an gcothú cíche, agus chun leanúint ar aghaidh leis, agus go ndéanfaí leis na tuismitheoirí a chur ar a gcumas chun forbairt an linbh, cothú an linbh agus sábháilteacht an linbh a thuiscint agus a thacú, agus chun an luathfhoghlaim agus an súgradh a chur chun cinn. Ba cheart go dtacódh idirghabháil níos déine le teaghlaigh leochaileacha chun dúshláin ghearrthéarmacha nó fhadtéarmacha a shárú.[xvi]

Cuirtear roghanna ar fáil do thuismitheoirí le córas éifeachtach luath-óige faoi conas cothromaíocht a bhaint amach idir an obair agus an cúram. Is éard atá í gceist leis sin ná go bhfuil rochtain ar fáil ar shocruithe atá oiriúnach do theaghlaigh a réitíonn leis an gcothromaíocht idir an obair is an saol, go ndéantar cinnte de gur leor an t-ioncam ón obair chun teaghlach a chothú, go gcuirtear leis an ioncam sin nuair is gá ionas go bhfuil dóthain acmhainní ag gach aon teaghlach agus go bhfreastalófar ar riachtanais saolta leanaí. Chomh maith leis sin, ciallaíonn sé go mbeidh an luathfhoghlaim agus an cúram, de chineálacha éagsúla, inacmhainne agus ar ardchaighdeán ionas go mbeidh tuismitheoirí in ann páirt a ghlacadh i bhfostaíocht, lánaimseartha nó páirtaimseartha, agus iad lán-muinín go bhfuil a leanaí ag fáil cúram maith. [xvii]

*Luathfhoghlaim agus Cúram (LFC) ar ardchaighdeán agus bunaithe ar an súgradh*

Caitheann go leor leanaí óga go leor dá lá agus cúram á thabhairt dóibh ag daoine nach a dtuismitheoirí iad. Is féidir cúram neamhthuismitheora a sholáthar trí mheascán de dhaoine muinteartha nach bhfuil gaol gar leo agus LFC bunaithe sa bhaile nó in ionad. Príomhchinntitheach i dtaobh cáilíochta iad na daoine aonair a bhíonn bainteach i bhfoghlaim agus cúram a sholáthar agus, chun go mbeidh leanaí faoi bhláth, caithfidh gur féidir leo na saghsanna caidrimh a chothú agus timpeallachtaí a chruthú atá mar shaintréith d'eispéiris dhearfacha. Tá LFC ardchaighdeáin an-luachmhar do leanaí a bhfuil dúshláin rompu sa bhaile.

Ba cheart go ndéanfadh córas éifeachtach luath-óige a dheimhniú go bhfuil iadsan atá ag tabhairt cúraim do leanaí óga cumasach chun tacú le forbairt na luath-óige. I gcás cúraim ag teaghlach, cairde agus comharsana, ciallaíonn seo faisnéis, acmhainní agus tacaíochtaí a chur ar fáil níos fairsinge sa phobal áitiúil. I dtaobh soláthar níos foirmiúla agus a n-íoctar as, ciallaíonn seo lucht saothair atá cáilithe go cuí, creat curaclaim a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cuntasacht as cloí le caighdeáin cháilíochta agus rialacháin[xviii], go háirithe do LFC a fhóirdheonaítear go poiblí.

*Aistrithe dearfacha chuig an mbunscoil*

Aistriú mór is ea an t-aistriú chuig bunoideachas i saol leanaí óga. Is féidir le haistriú réidh tús dearfach leis an scoil a chinntiú do leanaí. Tosca tábhachtacha iad an aois a thosaíonn leanbh an scoil, struchtúr na timpeallachta foghlama agus na tacaíochtaí a chuireann tuismitheoirí agus múinteoirí ar fáil.[xix]

Is éard atá de dhíth chun córas éifeachtach luath-óige a chur i mbun lena gcuirtear tús maith sa scoil i gcrích ná níos mó cumarsáide idir suíomhanna LFC, bunscoileanna agus tuismitheoirí, go háirithe i gcásanna leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu; foghlaim níos súgradhbhunaithe agus dírithe ar an leanbh i luathbhlianta na bunscoile; go mbíonn ar chumas bunscoileanna freastal ar leanaí óga trí mhéideanna ranga níos lú; níos mó ama agus spáis le súgradh, agus stíleanna idirghníomhacha múinteoireachta.[xx]


*Comhthéacsanna tacúla pobail*

Is é an pobal ina gcónaíonn naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh an cúlra d'fhorbairt i gcaitheamh na luathbhlianta agus déanann sé eispéiris laethúla a mhúnlú.[xxi]

Ba cheart go gcinnteodh córas éifeachtach luath-óige go mbíonn áiteanna i bpobail le súgradh agus foghlaim, go mbíonn deiseanna iontu do thuismitheoirí agus leanaí óga chun casadh lena chéile, agus go mbíonn tacaíochtaí agus seirbhísí cuimsitheacha ann a chothaíonn luathfhorbairt agus a fhreagraíonn do riachtanais bhreise[xxii].

Ciallaíonn seo spás pobail poiblí a dheartar agus aird ar naíonáin agus leanaí óga, tacaíocht do ghrúpaí tuismitheoirí agus lapadán agus áiteanna eile inar féidir le teaghlaigh óga casadh lena

chéile, chomh maith le seirbhísí comhtháite ina mbíonn comhfhriotal ag an lucht saothair laistigh de na seirbhísí sláinte, LFC, bunoideachais agus tacaíochta teaghlaigh agus ina n-oibríonn siad as lámh a chéile.[xxiii]


ÁR BHFÍS do
LUATH-ÓIGE
ÓIGE SLÁINTIÚIL AG TOSÚ ÓN TOIRCHEAS
CHILD & FAMILY CENTRE
TIMPEALLACHT BHAILE CHOTHAITHEACH AGUS SPRAÍÚIL INA BHFUIL CÚRSAÍ ÁBHARTHA SÁSÚIL
LUATHFHOGHLAIM BUNAITHE SA SPRAOI AGUS TAITHÍ AIRE AG ÁRD CHAIGHDEÁN
IONAD LFC
AGUS
SEIRBHÍSÍ
CHOMHTHÁITE
TACÚIL
POBAIL
SCHOOL
AM LE CHÉILE LE TUISMITHEOIRÍ GO HÁIRITHE SA CHÉAD BHLIAIN
AISTRIÚ DEARFACH GO BUNSCOIL
LEABHARLANN
18
19

# SRACFHÉACHAINT AR An Chéad 5

| Spriocanna | Cuspóirí | Gníomhartha Straitéiseacha | | |
|---|---|---|---|---|
| **A** Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla | 1. Cothromaíocht a bhaint amach idir oibriú agus cúram a thabhairt | 1.1 Cúram do leanaí a éascú ag tuismitheoirí sa bhaile go háirithe i rith na chéad bhliana | 1.2 Barr feabhais a chur ar theacht ar oibriú a thacaíonn le teaghlaigh lena ligean do leanaí níos mó ama a chaitheamh le tuismitheoirí | |
| | 2. Faisnéis, seirbhísí agus tacaíochtaí do thuismitheoirí | 2.1 Faisnéis, acmhainní agus feachtais a chomhordú do thuismitheoirí | 2.2 Samhail shraithach de thacaíocht tuistithe | |
| | 3. Acmhainní praiticiúla agus ábhartha | 3.1 Bearta a chur chun cinn chun ioncam teaghlaigh a uasmhéadú agus díriú ar leith ar bhochtaineacht in aois an pháiste | 3.2 Tacú le cóiríocht oiriúnach a fhorbairt do theaghlaigh le leanaí | 3.3 Pobail a thacaíonn le leanaí a dhearadh agus a fhorbairt |
| **B** Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach | 4. Iompar dearfach sláinte | 4.1 Iompar dearfach sláinte a chur chun cinn do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh | 4.2 Tacaíochtaí iompar sláinte a chomhtháthú isteach i suíomhanna a fhreastalaíonn ar leanaí agus i bpobail | 4.3 Sábháilteacht leanaí a chur chun cinn agus cosc a chur naíonáin agus leanaí óga a ghortú go neamhbheartaithe |
| | 5. Seirbhísí sláinte ardchaighdeáin | 5.1 An Clár Náisiúnta Óige Sláintiúla a fhorbairt chun freastal níos fearr ar riachtanais naíonán agus leanaí óga | 5.2 Feabhas a chur ar theacht ar chúram teiripeach agus leighis do naíonáin agus leanaí óga | |
| | 6. Meabhairshláinte dhearfach | 6.1 Feabhas a chur ar shaincheisteanna meabhairshláinte a shainaithint go luath do naíonáin agus leanaí óga | 6.2 Feabhas a chur ar theacht ar thacaíochtaí meabhairshláinte, a chomhtháthaítear isteach i suíomhanna a fhreastalaíonn ar leanaí | |
| **C** Luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe | 7. Timpeallacht dhearfach foghlama baile | 7.1 Tacú le tuismitheoirí chun timpeallachtaí spraíúla foghlama baile a sholáthar do naíonáin agus leanaí óga | 7.2 Tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i luathfhoghlaim leanaí in LFC agus ar scoil | 7.3 Patrúin rolbaithe agus rannpháirtíochta dhearfacha in LFC agus ar scoil a chinntiú |
| | 8. Teacht ar LFC inacmhainne ardchaighdeáin | 8.1 LFC ardchaighdeáin a dhéanamh níos inacmhainne | 8.2 An fháil a bhíonn ar LFC ardchaighdeáin a fhóirdheonaítear go poiblí a shíneadh | 8.3 A chinntiú go gcuireann LFC ardchaighdeáin rannpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht chun cinn |
| | 9. Aistrithe lena dtacaítear | 9.1 Bearta chun faisnéis a mhalartú chun tacú le haistrithe leanaí | 9.2 Leanúnachas a mhéadú idir LFC agus suíomhanna bunscoile | 9.3 Foghlaim do leanaí a chothú fad a aistríonn siad ó LFC chuig an mbunscoil |

**D** Seirbhísí agus tacaíochtaí a oibríonn níos fearr i gcóras éifeachtach luath-óige

**Bloc Tógála 1: Ceannaireacht, rialachas, comhoibriú**

Gníomhartha Straitéiseacha

- 1.A Cur i bhfeidhm agus rialachas
- 1.B Ceannaireacht chóras luath-óige
- 1.C Tionscadail chomhoibritheacha

**Bloc Tógála 2: Rialáil, cigireacht, dearbhú cáilíochta**

Gníomhartha Straitéiseacha

- 2.A A Caighdeáin a fhorbairt, a bharrfheabhsú agus a chur i bhfeidhm
- 2.B Rialáil agus cigireacht a athchóiriú

**Bloc Tógála 3: Lucht saothair oilte agus inbhuanaithe**

Gníomhartha Straitéiseacha

- 3.A Riachtanais foirne a shainaithint agus dul i ngleic leo
- 3.B Feabhas a chur ar oiliúint agus FGL tosaigh don fhoireann luath-óige go léir
- 3.C LFC a ghairmiúlú; tacú le fostóirí chun lucht saothair ardchaighdeáin a mhealladh agus a choinneáil

**Bloc Tógála 4: Taighde, sonraí, monatóireacht agus meastóireacht**

Gníomhartha Straitéiseacha

- 4.A Tacú le taighde luath-óige
- 4.B Sonraí riaracháin agus torthaí a fhorbairt
- 4.C Monatóireacht dhaingean a dhéanamh ar fud an Rialtais

**Bloc Tógála 5: Infheistíocht straitéiseach**

Gníomhartha Straitéiseacha

- 5.A A Níos mó cistiú poiblí
- 5.B Meicníochtaí d'infheistíocht straitéiseach
- 5.C Bearta chun dul chun cinn a rianú

20 21

**Réamhrá**

Foilsíodh Na Chéad 5, straitéis 10 mbliana uile-Rialtais uile-shochaí do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh i Samhain 2018 a chomhlíonann príomhghníomh i dTorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (BOBF): An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga, (2014–2020).

Díríonn Na Chéad 5 ar an tréimhse luath-óige, ón tréimhse réamhbhreithe go haois a cúig, agus glacann sé cur chuige ceangailte trasrialtais i leith tacú le naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh i rith na luathbhlianta ríthábhachtacha seo.

Sainaithnítear sa Straitéis breis agus 150 gníomh tosaigh i measc 11 Roinn Rialtais a dhéanfar a thabhairt chun cinn go substainteach sa chéim thosaigh um chur i bhfeidhm ó 2019 go 2021. Tá a lán gníomhaíochtaí de dhíth chun athchóiriú suntasach a réadú. Chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, caithfidh scóipeáil chúramach, idir-theagmháil ghníomhach le páirtithe leasmhara, triail phíolótach agus meastóireacht a dhéanamh, chomh maith le fianaise thaighde-bhunaithe a chruthú. Tá súil leis go dtabharfar faoi go leor den bhunobair seo laistigh den tréimhse thosaigh um chur i bhfeidhm.

Déanann an Plean um Chur i bhFeidhm Na Chéad 5 (2019-2021) an méid seo a leanas:

- Léargas ginearálta achoimre a sholáthar ar Na Chéad 5, na gníomhartha móra atá le soláthar ina measc;
- An ceannasaí agus an comhpháirtí/na comhpháirtithe a shainaithint a chuirfidh gníomhartha tosaigh i bhfeidhm agus an príomh-aschur a chur in iúl atá le baint amach faoi 2021 do gach gníomh, anuas ar sceideal soiléir garspriocanna gaolmhara bliantúla;
- Léargas ginearálta a sholáthar ar na struchtúir a thacóidh le cur i bhfeidhm;
- Cur síos a dhéanamh ar na próisis agus na meicníochtaí chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm; agus
- Achoimriú ar dhúshláin, rioscaí agus maolú um chur i bhfeidhm

Príomh-mheicníocht is ea an Plean um Chur i bhFeidhm, i dtaobh garspriocanna a leagan amach don bhliain 2019, 2020 agus 2021, chun na gníomhartha a phleanáil agus a leagan amach i sraith, anuas ar chumarsáid níos fairsinge a dhéanamh faoin méid is dóchúil a chuirfear chun cinn.

**Léargas Ginearálta ar Na Chéad 5**

**Fís, Spriocanna, Prionsabail agus an Creat Gníomhaíochta**

**Fís**

*'Léireofar luach ar luathbhlianta gach naíonáin agus linbh óig mar thréimhse ríthábhachtach agus ar leith ar cheart taitneamh a bhaint aisti. Cabhrófar le teaghlaigh agus cuirfear ar a gcumas naíonáin agus leanaí óga a chothú agus tacú lena bhforbairt, agus cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil dóibh siúd óna dteastaíonn sé. Beidh ar chumas iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh cur lena bhfoghlaim, forbairt, sláinte agus folláine. Cabhróidh comhthéacsanna pobail le naíonáin agus leanaí óga chun an tairbhe is mó a bhaint dá luathbhlianta agus a lánchumas a bhaint amach.'*

**Spriocanna**

Sprioc A: Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla
Sprioc B: Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach
Sprioc C: Luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe
Sprioc D: Córas éifeachtach luath-óige

**Prionsabail**

Baintear na prionsabail atá mar bhonn agus taca faoi Na Chéad 5 ó Right from the Start.

- Tréimhse thábhachtach agus ar leith í an luathóige sa saol nach mór a chothú, meas agus a léiriú uirthi agus nach mór tacú léi ina ceart féin.
- Imríonn caidreamh agus idirghníomhú le páirtithe eile, agus na timpeallachtaí ina dtiteann siad amach, ról lárnach i gcáilíocht eispéiris leanaí sa luath-óige.
- Ba cheart go mbeadh seirbhísí agus tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do leanaí agus a dteaghlaigh a bheith ar ardchaighdeán, inacmhainne agus inrochtana do chách, agus ba cheart a aithint go dteastóidh tacaíocht bhreise ó roinnt leanaí agus teaghlach.
- Chun sheirbhísí ar ardchaighdeáin a sholáthar, caithfidh gach duine a oibríonn le leanaí agus teaghlaigh cumarsáid agus comhoibriú lena chéile in atmaisféar cóimheasa agus comhchuspóra/comhpháirtíochta.
- Caithfidh an tsochaí luach a léiriú ar agus tacú le tuismitheoirí, caomhnóirí, teaghlaigh agus gach duine a chuireann folláine, foghlaim agus forbairt leanaí óga chun cinn.
- Ba cheart go mbeadh beartais rialtais a bhaineann le leanaí bunaithe ar fhianaise, ar chaighdeáin idirnáisiúnta dea-chleachtais agus ar chearta leanaí.

**Creat gníomhaíochta**

Soláthrófar na ceithre Sprioc trí naoi gCuspóir chomhcheangailte (faoi Spriocanna A, B agus C) agus cúig Bhloc Tógála (faoi Sprioc D). Leagtar Gníomhartha Straitéiseacha amach faoi gach Cuspóir agus Bloc Tógála. Seo an creat gníomhaíochta d'fhad Na Chéad 5 agus leagann sé an bonn faoi mhonatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm. Sainaithníodh 166 gníomh atá le cur chun cinn i gcaitheamh na chéad trí bliana. Tríd agus tríd, is ionann na gníomhartha seo agus breisíocht agus cuirfidh siad leis an obair reatha.

Mar Straitéis bheo ina ndéantar athbhreithniú ionsuite i ndiaidh trí bliana, bíonn súil leis go gcuirfear gníomhartha ar leith nua leis lena soláthar idir an meántéarma agus an fadtéarma de réir mar a chuirtear cur i bhfeidhm chun cinn. Áireofar le cur i bhfeidhm clár Na Chéad 5 agus clár Taighde agus Meastóireachta Na Chéad 5.

Fiosróidh clár Trialacha Na Chéad 5 tionscnaimh nuálacha chun éifeachtacht a thástáil i gcomhthéacs Éireannach, agus inbhuanaitheacht a dheimhniú do chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

Tacóidh clár Taighde agus Meastóireachta Na Chéad 5 leis na trialacha seo, agus cuirfidh sé leis an tuiscint atá ar shaol leanaí óga agus a dteaghlaigh agus na seirbhísí agus tacaíochtaí a dhéanfaidh an difear is mó dóibh. I gcás comhréir an-mhór de na gníomhartha a shainaithnítear sa Straitéis, beidh gá anailís a dhéanamh ar shonraí agus fianaise nua thaighde a ghiniúint. Rinneadh gealltanas do roinnt tionscadail athchóirithe an-tábhachtacha agus fhorleathana in Na Chéad 5 agus teastóidh obair ullmhúcháin agus pleanáil shuntasach lena chinntiú go n-éiríonn lena gcur i bhfeidhm. Beidh sonraí agus fianaise mar bhonn agus mar thaca Chur i bhFeidhm na Chéad 5 agus tá sé bunriachtanach go mbeidh na maidir leis an gcur i bhfeidhm bunaithe ar fhaisnéis láidir agus dhaingean, go háirithe ar na gníomhartha chun athrú mór ar chórais a chur chun cinn.

Glacfaidh roinnt den bhailiú fianaise agus anailíse seo, trí thriail phíolótach ina measc, am agus tugtar cuntas sa Phlean um Chur i bhFeidhm seo ar na bearta sa phróiseas sna trí bliana amach romhainn chun dul chun cinn substainteach a dhéanamh d'fhonn ullmhú chun gníomhartha a chur i bhfeidhm níos fairsinge.

**Tábla Gníomhartha agus Garspriocanna**

Rinne an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige forbairt Plean um Chur i bhFeidhm (2019-2021) Na Chéad 5 a stiúradh agus rinne Grúpa Idir-Rannach Na Chéad 5 maoirseacht air. Ationóladh an Grúpa seo agus síneadh an bhallraíocht chuig na Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach go sonrach. Chomhaontaigh an grúpa seo le struchtúr forleathan an Phlean um Chur i bhFeidhm agus rinne a chomhaltaí aonair idirchaidreamh le hoifigigh laistigh dá Ranna faoi seach, Gníomhaireachtaí Stáit agus le comhpháirtithe (sa chás gur cuí) scrúdú ar a ghníomhartha, comhaontú ar phríomh-aschur i gcaitheamh chéim thosaigh an chuir i bhfeidhm agus na garspriocanna gaolmhara a rianú don tréimhse 2019-2021.

Thacaigh Comhairle Chomhairleach BOBF le fhorbairt an Phlean um Chur i bhFeidhm.

Sainaithnítear sna Táblaí lastall an ceannasaí agus an comhpháirtí/na comhpháirtithe a chuirfidh gach ceann de na 166 gníomh tosaigh i bhfeidhm in Na Chéad 5. Leagtar amach an príomh-aschur atá le baint amach faoi 2021 do na gníomhartha seo, anuas ar sceideal soiléir garspriocanna gaolmhara bliantúla.

**Tábla gníomhartha agus garspriocanna**

| Gníomh Straitéiseach | Sprioc A<br>Cuspóir 1 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Ceannasaí agus Comhpháirtí/Comhpháirtithe** | **Príomh-Aschur faoi 2021** | **Príomh-Gharsprioc 2019** | **Príomh-Gharsprioc 2020** | **Príomh-Gharsprioc 2021** |
| **1.1 Máithreacha agus aithreacha a éascú chun cúram a thabhairt dá leanbh sa bhaile i rith a gcéad bhliana.** | A.1.1.1.<br>Bunófar scéim nua Saoire Thuismitheoireachta íoctha a bheidh ar fáil don bheirt tuismitheoirí agus beidh sé ag feidhmiú faoi 2019. Tar éis di a bheith curtha i mbun, beidh de chuspóir ag an scéim nua Saoire Thuismitheoireachta dul i méid go hincriminteach i gcaitheamh na Straitéise chun go dtacófar le tuismitheoirí in Éirinn faoi 2028 chun aire a thabhairt dá naíonáin sa bhaile don chéad bhliain iomlán trí mheascán de scéimeanna íoctha saoire theaghlaigh. Faoin mbliain 2021, beidh teidlíocht aonair an duine ag tuismitheoirí do sheacht seachtaine de shaoire thuismitheoireachta íoctha ar féidir í a ghlacadh sna blianta is luaithe d'óige a linbh, a d'fhéadfadh a chur ar chumas leanaí tairbhe a bhaint as cúram tuismitheora breise 14 seachtaine ina gcéad bhliain. I gcaitheamh na mblianta eile den Straitéis, fad a bhíonn fáil ar acmhainní, déanfar an scéim Saoire Thuismitheoireachta íoctha a shíneadh níos mó. A luaithe a bhunaítear an scéim nua, déanfar breithniú ar athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna Saoire/Sochar Máithreachais agus Atharthachta, go háirithe maidir le rátaí íocaíochta agus riachtanais cháilitheachta. B'fhéidir go mbeidh iarrachtaí breise ag teastáil chun glacadh le teidlíochtaí saoire, chomh maith. | Comh-Cheannasaithe:<br>An RDCC agus an RGFCS | Beidh teidlíocht aonair an duine ag tuismitheoirí do sheacht seachtaine de shaoire thuismitheoireachta íoctha, ar féidir í ghlacadh sna blianta is luaithe d'óige a linbh, a d'fhéadfadh a chur ar chumas leanaí tairbhe a bhaint as cúram tuismitheora breise 14 seachtaine ina gcéad bhliain. | Tá reachtaíocht le cur chun cinn agus le hachtú lena cheadú don scéim tosú.<br><br>Tá scéim chomhfhreagrach le dearadh, cur i bhfeidhm agus le hoibriú ag an RGFCS lena cheadú do thuismitheoirí saoire thuismitheoireachta íoctha a ghlacadh.<br><br>Teidlíocht aonair a thabhairt isteach do shaoire thuismitheoireachta íoctha dhá sheachtain (a mhéid le ceithre seachtaine, ar an iomlán, in aghaidh an linbh). | Tháinig méadú ar an tréimhse shaoire thuismitheoireachta íoctha agus aird ar bhreithnithe airgeadais agus acmhainní ag an Rialtas. | Síneadh curtha leis an tréimhse shaoire thuismitheoireachta íoctha agus aird ar bhreithnithe airgeadais agus acmhainní ag an Rialtas. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.2 Barr feabhais a chur ar theacht ar oibriú solúbtha a thacaíonn le teaghlaigh.** | A.1.2.1.<br>Tabhairt faoi athbhreithniú ar fhorálacha ábhartha an Achta um Chosaint Máithreachais (Leasú), 2004 maidir leis an tsaincheist lena mbaineann an teidlíocht reatha a shíneadh do shosanna íoctha cothaithe cíche/lachta nó laghdú íoctha ar uaireanta oibre do mháithreacha a dhéanann cothú cíche sa lucht saothair anuas ó 26 go 104 seachtain i ndiaidh go saolaítear an naíonán chun meascán de chothú cíche agus oibriú a éascú ar aon dul le moladh an EDS chun leanúint le cothú cíche, anuas ar bhianna comhlántacha atá cothaitheach agus sábháilte a dhóthain, go dtí go mbaineann leanaí dhá bhliain d'aois amach. | Ceannasaí:<br>An RDCC | Tá máithreacha a dhéanann cothú cíche sa lucht saothair i dteideal sosanna cothaithe cíche/lactha a fháil ar feadh a fhad le 104 seachtain i ndiaidh go saolaítear a leanbh. | Tograí a fhorbairt do na bearta reachtaíochta a theastaíonn chun an fhoráil seo a thabhairt isteach tríd an mBille um Shaoire agus Sochar Tuismitheoireachta.<br><br>Tá breithniú le déanamh ar an athbhreithniú ar fhorálacha reatha i gcomhthéacs an iniúchta réamhreachtaíochta don Bhille. | Rinneadh síneadh ar an teidlíocht, faoi réir faomhadh reachtaíochta. | |
| | A.1.2.2.<br>An fhoráil a shíneadh do shaoire thuismitheoireachta neamhíoctha ó 18 go 26 seachtain agus uasteorainn aoise an linbh a leasú dár féidir an tsaoire a ghlacadh ó 8 go 12 a chuireann solúbthacht níos fearr ar fáil do thuismitheoirí. | Ceannasaí:<br>An RDCC | Tá tuismitheoirí gach linbh a shine le 12 bhliain d'aois i dteideal 26 seachtain de shaoire thuismitheoireachta neamhíoctha a ghlacadh. | Síneadh an teidlíocht reatha do shaoire thuismitheoireachta neamhíoctha ó 18 go 22 seachtain agus méadaíodh uasteorainn aoise an linbh dár féidir an tsaoire a ghlacadh ó 8 go 12. | Cuireadh síneadh breise ceithre seachtaine leis chun go méadaítear an teidlíocht go 26 seachtain, ar an iomlán. | |
| | A.1.2.3.<br>Tabhairt faoi athbhreithniú ar bheartais reatha reachtúla agus neamhreachtúla agus taighde ar a n-éifeachtacht i dtaobh tacú le hoibriú a thacaíonn le teaghlaigh agus atá solúbtha do thuismitheoirí a bhfuil leanaí óga acu. Ar bhunús thorthaí an athbhreithnithe agus an taighde, treoir agus uirlisí a fhorbairt lena chur ar chumas fostóirí níos mó roghanna oibre a thacaíonn le teaghlaigh a chur ar tairiscint, chun go gcuireann reachtaíocht, | Ceannasaí:<br>An RDCC<br><br>Comhpháirtithe:<br>An RGFN<br>An RLGÓ<br>An RGFCS | Cuireann reachtaíocht, cultúr agus cleachtas fostaíochta ar shárchumas tuismitheoirí leanaí óga cothromaíocht a bhaint amach idir róil oibre agus chúraim. | Cur chuige beartais a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil lena n-áirítear scrúdú ar dhea-chleachtas i mBallstáit eile an AE.<br><br>Tabhairt faoin obair ullmhúcháin do chomhairliúchán náisiúnta ar roghanna oibre solúbtha a shíneadh do gach fostaí. | Comhairliúchán náisiúnta a chur ar bun ar roghanna oibre solúbtha a chur ar fáil do gach fostaí.<br><br>Treoir a fhorbairt chun fostóirí a éascú chun níos mó roghanna oibre a thairiscint a thacaíonn le teaghlaigh agus chun glacadh le réitigh agus struchtúir sholúbtha oibre agus/nó chianoibre do thuismitheoirí. | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | cultúr agus cleachtas fostaíochta, i gcaitheamh na Straitéise, ar chumas tuismitheoirí oibriú a chur i gcothromaíocht le cúram a thabhairt, agus comhionannas inscne á chur chun cinn i gcomhthráth. | | | Cuireadh tús leis an ullmhú chun forálacha a thrasuíomh i dTreoir an AE maidir le Cothromaíocht Saoil is Oibre (CSO) a bheidh ag teacht aníos, maidir le teidlíocht tuismitheoirí ina measc chun socruithe solúbtha oibre a iarraidh. | Treoir a scaipeadh ar fhostóirí.<br><br>Torthaí an phróisis chomhairliúcháin a scaipeadh.<br><br>Obair leanúnach chun forálacha Threoir CSO an AE a thrasuíomh. | Trasuíomh na bhforálacha i dTreoir CSO an AE críochnaithe ar aon dul leis an amfhráma trí bliana a bhfuil súil leis. |
| | A.1.2.4.<br>Ag cur le samhail nuálach Athena Swan san earnáil ardoideachais agus le taithí ó thíortha eile, córas a fhorbairt chun fostóirí a thacaíonn le teaghlaigh a aithint, ar aon dul le réamhobair atá ar bun le breithniú a dhéanamh ar indéantacht agus tairbhí "marc Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe" don ghnó. | Ceannasaí:<br>An RDCC<br><br>Comhpháirtí:<br>An RGFN | Córas a aithníonn fostóirí a thacaíonn le teaghlaigh arna fhorbairt agus i bhfeidhm. | Scóipeáil tosaigh a dhéanamh ar thionscadal féideartha, fad atá forbairtí ar an marc Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe á ndéanamh. | Ag leanúint ó scóipeáil, forbraíodh roghanna i dtaobh cur chuige éagsúil chun fostóirí a thacaíonn le teaghlaigh agus an rogha samhla a roghnaíodh a aithint.<br><br>Tástáil tosaigh ar an tsamhail a roghnaíodh. | Mionleasuithe ar an tsamhail a roghnaítear bunaithe ar thástáil agus tabhairt isteach níos fairsinge tosaithe. |

| Gníomh Straitéiseach | Sprioc A<br>Cuspóir 2 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Ceannasaí agus Comhpháirtí/Comhpháirtithe** | **Príomh-Aschur faoi 2021** | **Príomh-Gharsprioc 2019** | **Príomh-Gharsprioc 2020** | **Príomh-Gharsprioc 2021** |
| **2.1<br>Comhoibriú a stiúradh ar fud na Ranna Rialtais agus na nGníomhaireachtaí Stáit chun acmhainní faisnéise a fhorbairt, a dhearadh agus a scaipeadh chun tacú le tuistiú.** | A.2.1.1.<br>Acmhainní faisnéise faoi thuistiú a chomhdhlúthú agus a threisiú isteach in ardán aonair comhtháiteach, le faisnéis chomhsheasmhach, ardchaighdeáin agus inrochtana a chinntiú agus acmhainní faisnéise a fhorbairt atá mealltach, ardchaighdeáin agus éasca le húsáid, ag cur leis an tsraith acmhainní reatha. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Gach Roinn agus Gníomhaireacht Rialtais ábhartha | Acmhainní faisnéise ardchaighdeáin comhsheasmhacha tuistithe ar fáil chun freastal ar riachtanais tuismitheoirí.<br><br>Féach, chomh maith, B.4.1.5. | Acmhainní faisnéise faoi thuistiú á gcistiú ag an Stát sainaitheanta.<br>Idirchaidreamh le soláthraithe agus tuismitheoirí tosaithe.<br>Páipéir chúlra ullmhaithe. | Plean tionscadail forbartha agus tosaithe.<br>Grúpa oibre bunaithe.<br>Breithmheas ar roghanna críochnaithe agus comhaontú déanta ar an rogha is fearr.<br>Tús curtha le hobair ar an rogha is fearr. | Tástáil ar athruithe a bheartaítear le tuismitheoirí críochnaithe.<br>Comhdhlúthú agus cuíchóiriú ar na hacmhainní reatha faisnéise faoi thuistiú críochnaithe.<br>Comhaontú déanta ar bhearta chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fhaisnéis faoi thuistiú a sholáthar. |
| | A.2.1.2.<br>Feachtas faisnéise náisiúnta poiblí ar thuistiú dearfach a stiúradh. Ba cheart go n-áireofaí leis an bhfeachtas ar líne agus aslíne teachtaireachtaí agus moltaí praiticiúla do thuismitheoirí agus na hacmhainní agus seirbhísí faisnéise atá ar fáil a chur in iúl. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtí:<br>Seirbhís Faisnéise an Rialtais | Tugadh faoi fheachtas faisnéise poiblí. | Comhaontú déanta ar sceideal na bhfeachtas (féach gníomh C.7.1.1).<br>Páipéir chúlra Céim 1 ullmhaithe.<br>Athbhreithnithe fianaise Céim 1 críochnaithe.<br>Ceardlann cumarsáide curtha ar bun.<br>Comhaontú déanta ar chuspóirí agus scóip feachtais. | Comhairle ar chumarsáid faighte.<br>Plean tionscadail forbartha agus tosaithe.<br>Páipéir chúlra Céim 2 ullmhaithe.<br><br>Athbhreithnithe fianaise Céim 2 críochnaithe. | Straitéis feachtas faisnéise críochnaithe.<br>Líonra d'fhoireann Roinne, Gníomhaireachta agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha bunaithe a bhfuil baint acu le tacú le tuistiú chun dea-chleachtas a roinnt, a scaipeadh agus a chur chun cinn.<br>Feachtas faisnéise poiblí tosaithe. |
| | A.2.1.3.<br>Triail phíolótach a bhaint as tionscnaimh Bhoscaí Naíonáin agus Málaí Leabhar a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le tuistiú agus díriú ar dhlúthchaidreamh a chothú idir | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Le deimhniú nuair a bhunófar an Grúpa Maoirseachta | An triail phíolótach críochnaithe agus réamhthorthaí ón meastóireacht ar fáil chun eolas a chur ar fáil do na chéad chéimeanna eile. | Grúpaí Maoirseachta a bhunú.<br>Comhpháirtí a shainaithint chun an clár píolótach a stiúradh. | Comhaontú déanta ar dhearadh an chláir phíolótaigh.<br>An comhairliúchán réamhchláir phíolótaigh críochnaithe. | Clár píolótach ar bun.<br>Meastóireacht comhreathach ar an gclár píolótach ar bun. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | an tuismitheoir agus an naíonán, faisnéis ar fhorbairt naíonáin agus luathfhoghlaim agus sábháilteacht naíonáin a chur chun cinn. | | | | Páipéar scóipeála foilsithe.<br>Comhpháirtithe meastóireachta i bhfeidhm. | |
| **2.2**<br>**Samhail shrathach seirbhísí tuistithe a fhorbairt a thógtar ar bhonn soláthair uilíoch, agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil do thuismitheoirí ar aon dul lena leibhéal riachtanais ar bhonn céimnitheach.** | A.2.2.1.<br>Samhail náisiúnta de sheirbhísí tuistithe a fhorbairt, ó sholáthar spriocdhírithe uilíoch, a chuimsíonn príomhchéimeanna d'fhorbairt an linbh, agus tuismitheoirí agus leanaí á gcur san áireamh i réimse comhthéacsanna agus caidreamh tuistithe. Bunófar seirbhísí uilíocha tuistithe faoin tsamhail ar dhá phríomhbhonn:<br>▪ breisfhorbairt a dhéanamh ar Chlár Náisiúnta Óige Sláintiúla FSS i dtaobh seirbhísí a sholáthar do thuismitheoirí agus naíonáin (ón tréimhse réamhbhreithe go trí bliana d'aois), agus<br>▪ seirbhísí LFC a fhorbairt mar mheicníocht soláthair chun tacaíochtaí a sholáthar do thuismitheoirí. Déanfar é seo a phleanáil agus cuirfear acmhainn ar fáil dó trí shamhail agus clár píolótach leasaithe cistithe.<br><br>Lena chois seo, agus ag cur leis an gclár cuairte baile Altra Sláinte Pobail (ASP) reatha, déanfar comhaontú ar chur chuige i leith seirbhísí cuartaíochta baile, i measc contanam riachtanais, agus | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Tusla, FSS agus an earnáil dheonach | Comhaontú déanta ar shamhail náisiúnta de sheirbhísí tuistithe le gach príomhpháirtí leasmhar. | Coimisiúnú déanta ar an staidéar ar pheirspictíocht agus riachtanais tacaíochta tuismitheoirí.<br>Páipéir chúlra ullmhaithe, athbhreithniú ina measc ar thacaíochtaí tuistithe reatha.<br>Athbhreithnithe fianaise críochnaithe. | Plean tionscadail forbartha agus tosaithe.<br>Sainghrúpa, faoi stiúir an RLGÓ, bunaithe chun samhail náisiúnta a fhorbairt a mbaineann samhail ghaolmhar chistithe leis.<br>An próiseas rannpháirteachais le páirtithe leasmhara ar bun.<br>An staidéar ar pheirspictíochtaí agus riachtanais tacaíochta tuismitheoirí tugtha chun críche.<br><br>Déileáiltear níos mó le forbairtí ar Chlár Náisiúnta Óige Sláintiúla faoi Ghníomh Straitéiseach 5.1.<br><br>I gcomhthéacs na Samhla Cistithe Nua do LFC/SAC, breithniú a dhéanamh ar roghanna chun acmhainní a sholáthar do chláir thuistithe trí LFC chun cur le forbairt na samhla náisiúnta seirbhísí tuistithe. | Forbairt a dhéanamh ar an tsamhail náisiúnta seirbhísí tuistithe críochnaithe.<br>Faomhadh an Rialtais a dhéanamh ar an tsamhail náisiúnta de sheirbhísí, cuartaíocht bhaile ina measc. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | aird ar fhianaise Éireannach ar thionscnaimh choiscthe agus luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm. | | | | | |
| | A.2.2.2.<br>Clár Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh Tusla a chothabháil trí infheistíocht leanúnach. | Ceannasaí:<br>Tusla<br><br>Comhpháirtí:<br>An RLGÓ | Clár inbhuanaithe de chosc agus luath-idirghabháil laistigh de Tusla ina gcuimsítear obair cheantarbhunaithe ina leagtar béim ar bhochtaineacht leanaí a thacaíonn le hobair spriocdhírithe le Tusla. | Comhaontú déanta ar Phlean Oibríochtúil Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (CCTT) Tusla.<br><br>An Clár Aois an Pháiste Cheantarbhunaithe (APCB) comhtháite isteach san CCTT. | Plean nua Oibríochtúil CCTT a chur i bhfeidhm agus comhtháthú níos fearr a dhéanamh laistigh de Tusla. | Plean Oibríochtúil CCTT a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú go leanúnach laistigh de Tusla. |
| | A.2.2.3.<br>Leanúint le Clár um Chlaochlú Tusla a chur i bhfeidhm atá dírithe thorthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus teaghlaigh leochaileacha. Nuair a bhíonn beartais agus cleachtas á bhforbairt, tabharfaidh Tusla aird ar an Straitéis seo, na sreafaí oibre a bhaineann le cosaint agus leas leanaí, agus leochaileacht ar leith na n-aoisghrúpaí atá cumhdaithe ag an Straitéis. | Ceannasaí:<br>Tusla | Is féidir le naíonáin agus leanaí óga atá thíos le fadhbanna leasa agus a dtuismitheoir/cúramóir teacht ar thacaíochtaí luath-idirghabhála. | Leanúint le Comharthaí Sábháilteachta a chur i bhfeidhm.<br>Sainaithníonn oiliúint um Chosaint Leanaí leochaileacht ar leith naíonán agus leanaí óga. | Tugtar tús áite do chásanna oscailte um chosaint leanaí agus leanaí óga d'idirghabháil oibre sóisialta. | Leanúint le Comharthaí Sábháilteachta a chur i bhfeidhm.<br>Sainaithníonn oiliúint um Chosaint Leanaí leochaileacht ar leith naíonán agus leanaí óga.<br><br>Tugtar tús áite do chásanna oscailte um chosaint leanaí agus leanaí óga d'idirghabháil oibre sóisialta. |

| Gníomh<br>Gníomh | Sprioc A<br>Cuspóir 3 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Ceannasaí agus Comhpháirtí/Comhpháirtithe** | **Príomh-Aschur faoi 2021** | **Príomh-Gharsprioc 2019** | **Príomh-Gharsprioc 2020** | **Príomh-Gharsprioc 2021** |
| **Foráil teiripe agus liachta a chur ar fáil do leanaí agus páistí óga ar bhonn leanúnach, cothromasach agus tráthúil.** | Cur i bhfeidhm a thosú ar Shamhail Cúraim do Sheirbhísí Chúram Sláinte Péidiatracha, le béim ar dtús ar:<br>-Fairsingiú i líon na bpéidiatraithe comhairleacha, le béim díreach ar phéidiatraic ghinearálta, péidiatraic éigeandála agus sláinte leanaí an phobail.<br>-Fairsingiú ar róil d'altraí gairmiúla casta, saineolaithe altra cliniciúla, agus gairmithe chúram sóisialta agus sláinte.<br>-Na haonaid péidiaitrice géara réigiúnacha a fhorbairt chun réimse seirbhísí réigiúnacha cuí a sholáthar. | gComhoibríocht: An RS agus FSS | déanta ar chreat náisiúnta feidhmeach a fhorbairt ina mheidh ospidéil áitiúla, réigiúnacha, treasacha agus ceathartha ag obair le chéile ar atreoruithe agus seirbhísí for-rochtana a chinntíonn go mbeidh rochtain ag gach páistí ar sheirbhísí ardchaighdeáin ar shuíomh cuí, laistigh tréimhse ama cuí, d'ainneoin a shuímh geografach nó cúlra sóisialta. | bhfeidhm pleain FSS agus socraíochtaí rialachais gaolmhara le haghaidh Samhail Cúraim Péidiaitrice.<br><br>Tús a chur le cur i bhfeidhm Samhail Cúraim Péidiaitrice, ag earcú foirne bhreise péidiaitrice, altra agus liachta HSCP in Ospidéal Ollscoile Chorcaí, Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ospidéal Ollscoile Luimní (UHL), i gcomhréir leis an Samhail Cúraim Péidiaitrice. | aonaid péidiaitrice géara in Ospidéal Ollscoile Chorcaí, Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus UHL.<br><br>Leanúint den áit tosaíochta a thabhairt do chur i bhfeidhm Samhail Cúraim Péidiaitrice. | ar aonaid péidiaitrice géara in Ospidéal Ollscoile Chorcaí, Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus UHL.<br><br>Leanúint den áit tosaíochta a thabhairt do chur i bhfeidhm Samhail Cúraim Péidiaitrice |
| | B.5.2.2.<br>Leanúint ag tacú le hathshocrú na seirbhísí do leanaí le míchumas i gcomhréir leis an gclár um Dhul Chun Cinn Seirbhísí Míchumais do Pháistí agus Daoine Óga. | Ceannasaí: An RS | Gach seirbhísí do pháistí le míchumas athshocraithe agus ag obair ar bhealach níos aontaithe éifeachtaí. | Críochnú an phróisis earcaíochta do na Foirne Bainisteoirí chun Gréasáin Míchumais.<br>Ceapadh ar an méid thuas.<br>Athshocrú ar na Foirne eile. | Faoi réir forbairtí 2019. | Faoi réir forbairtí 2020. |
| | B.5.2.3.<br>Liostaí feithimh leanaí a laghdú i gcomhair cúraim aois óga agus idirghabhála luath, lena n-áirítear agaí feithimh. | Ceannasaí: An RS | Beidh dea-thionchar ag athshocrú na seirbhísí ar agaí feithimh agus cinnteoidh sé rochtain níos tapaí níos cothroime. | Feidhmiú céimnithe ar 100 post teiripe. | Faoi réir forbairtí 2019. | Faoi réir forbairtí 2020. |
| | B.5.2.4.<br>Leanúint le rochtain ar thacaíochtaí a fhorbairt do pháistí le míchumas/moill forbartha trí shocruithe a fhreastalaíonn ar pháistí (m.s. AIM, i dTionscadal Taispeána Teiripe sa Scoil agus Naíonra, foráil tacaíochtaí altra i socruithe ELC agus scoileanna do pháistí le | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir:<br>Baill Ghrúpa um Chur i bhFeidhm Trasearnála do AIM | Aidhm chun Comhordaitheoir um Ionchuimsithiú (INCO) a bheith i 80% de na socruithe ELC bainte amach.<br><br>Ardú i gcionroinnt soláthraithe ELC a ghlacann páirt in AIM.<br><br>Gairmithe ELC níos ábalta | Cur i bhfeidhm leanúnach AIM, lena n-áirítear:<br><br>Maoirseacht don tríú bhliain cláir oideachais LINC. Plean don fhoráil traenála agus tacaíochta sa todhchaí do INCOs (tar éis an ceathrú bhliain LINC). | Cur i bhfeidhm leanúnach AIM, lena n-áirítear:<br><br>Maoirseacht don cheathrú bhliain cláir oideachais LINC. Feidhmiú céimneach a thosú ar an gcéad phas eile traenála agus tacaíochta do INCOs. | Cur i bhfeidhm leanúnach AIM, lena n-áirítear:<br><br>Feidhmiú céimneach a leanúint ar an gcéad phas eile traenála agus tacaíochta do INCOs.<br><br>Athbhreithniú ar an |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | riachtanais casta). | | chun freagairt do riachtanais páistí le míchumas/moill forbartha.<br><br>Teastaíonn socraíochtaí ó pháistí naíonra le riachtanais liachta casta le socruithe ELC príomhsrutha chomh mór agus is féidir. | Feidhmiú céimneach a fhorbairt agus a thosú ar Straitéis Chumarsáide do AIM.<br><br>Tacaíochtaí AIM a fhorbairt, lena n-áirítear feidhmiú céimneach ar thraenáil Próiseála Braistintí.<br><br>Samhail tacaíochta a fhorbairt do leanaí naíonra a bhfuil riachtanais liachta casta acu agus cur i bhfeidhm a thosú ann.<br><br>(Mionsonraí ar an Tionscadal Taispeána Teiripe iniata ar leithligh, féach beart C.8.3.3.) | Feidhmiú céimneach a leanúint ar Straitéis Chumarsáide do AIM.<br>Síneadh a chur le tacaíochtaí traenála do ghairmithe ELC.<br><br>Samhail tacaíochta a leanúint do leanaí naíonra a bhfuil riachtanais liachta casta acu. | Straitéis Chumarsáide do AIM (ag cur san áireamh torthaí an mheasúnaithe deireadh na bliana do AIM).<br><br>Síneadh a chur le tacaíochtaí traenála do ghairmithe ELC.<br><br>Athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm samhail tacaíochta agus féachaint más gá feabhas a chur ann (ag cur san áireamh torthaí an mheasúnaithe deireadh na bliana do AIM). |
| | B.5.2.5.<br>Feabhas a chur leis an bpróiseas Measúnaithe Riachtanais (AON) chun rochtain tráthúil a chinntiú chuig na seirbhísí chuí. | Ceannasaí: An RS | Bealach níos sruthlíneach aonfhoirmeach AON a dhéanamh, a spreagfaidh laghdú ar bhrú atá ar na hacmhainní agus a chinnteoidh comhréireacht le rialachán. | Comhaontú agus cur i bhfeidhm nós imeachta Oibriúcháin Caighdeánaigh nua do AON. | | |
| | B.5.2.6.<br>Dul chun cinn ar bhunú ospidéil nua na bpáistí chun seirbhísí treasach agus ceathartha do pháistí ar fud na hÉireann. | Ceannasaithe i gComhoibríocht: An RS agus FSS | Beidh na hIonaid Othair Seachtraigh agus Cúram Práinneach Uí Chonghaile agus Tamhlachta ar oscailt go hiomlán, ag feabhsú rochtana geografach ar chúram práinneach do pháistí i mórcheantar Átha Cliath, ag soláthar cúraim práinnigh comhairleach le leabaí breathnóireachta 4-6 huaire, diagnóis agus seirbhísí othair seachtraigh cuí agus seirbhísí othair seachtraigh tánaisteacha lena n-áirítear rochtain | Earcaíocht ar fhoireann ábhartha don Ionad Cúraim Práinneach agus Othair Seachtraigh Péidiaitrice ag Uí Chonghaile.<br><br>Ionad Cúraim Práinneach agus Othair Seachtraigh a oscailt ag Uí Chonghaile i 2019.<br><br>Tús a chur le fairsingiú ar fhórsa oibre seachadta ag comhairleoir don ospidéal nua na bpáistí, | Earcaíocht ar fhoireann ábhartha don Ionad Cúraim Práinneach agus Othair Seachtraigh Péidiaitrice ag Tamhlacht.<br><br>Ionad Cúraim Práinneach agus Othair Seachtraigh a oscailt ag Tamhlacht i 2020. | Fairsingiú ar fhórsa oibre seachadta ag comhairleoir thar na suíomhanna ospidéil dá bhfuil ann agus acmhainn méadaithe.<br><br>Ionaid Othair Seachtraigh Péidiaitrice agus Cúraim Práinneach ag Tamhlacht agus Uí Chonghaile ag oibriú go hiomlán. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | gasta ar chlinicí péidiaitrice chomh maith le hionad scrúdaithe ar mhí-úsaid leanaí, seomraí breathnóireachta agus teiripe.<br>Tá clár mór oibre ar imeascadh cliniciúil, bainistíocht dhaoine agus athruithe, agus coimisiúnú a theastaíonn chun aistriú rathúil a bhaint amach go dtí na háiseanna ospidéil nua ar bun cheana. | le hearcaíocht do phostanna comhairleacha tosaíochta seirbhíse. | | |

| Beart Straitéiseach | Aidhm B Cuspóir 6 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Beart** | **Ceannasaí agus Pairtnéir** | **Príomh-aschur faoi 2021** | **Príomh-gharsprioc 2019** | **Príomh-gharsprioc 2020** | **Príomh-gharsprioc 2021** |
| **6.1 Feabhas a chur ar aithint luath d'fhadhbanna meabharshláinte i measc leanaí, páistí óga agus teaghlaigh.** | B.6.1.1. Faisnéis agus treorú a thabhairt chun meabharshláinte dhearfach a chur chun cinn i measc na mban torrach, leanaí, páistí óga agus teaghlaigh agus feachtas faisnéise poiblí a heagrú chun feasacht a thabhairt maidir le tábhacht a bhaineann le forbairt shóisialta-mothúcháin a chur chun cinn, mar aon le meabharshláinte dhearfach agus laghdú ar thionchar trauma luath-óige i leanaí agus páistí óga. | Ceannasaí: FSS<br><br>Pairtnéir: An RS | Meabharshláinte naíonán curtha chun cinn agus tacaíocht faighte ó fhoinsí faisnéise níos fearr.<br><br>Féach freisin bearta B.6.1.6 agus B.6.2.6. | Feachtas faisnéise poiblí forbartha. Faisnéis chaighdeánach do ghairmithe meabharshláinte forbartha. | Athbhreithniú leanúnach ar fhorbairt teachtaireachtaí meabharshláinte do naíonáin. | Athbhreithniú leanúnach ar fhorbairt teachtaireachtaí meabharshláinte do naíonáin. |
| | B.6.1.2. Feabhas a chur le hiarrachtaí chun meabharshláinte dhearfach a chur chun cinn i measc na mban torrach, leanaí, páistí óga agus a dteaghlaigh i ngach acmhainní agus teagmhálacha seirbhísí ach síneadh a chur le Making Every Contact Count: Creat um Athrú Iompair Sláinte agus Cur i bhFeidhm Pleain do Ghairmithe Meabharshláinte i Seirbhís Sláinte na hÉireann chun meabharshláinte a chur san áireamh. | Ceannasaí: FSS | Cáipéis scóipeála ina dtugtar cuntas ar Gach Teagmháil a Chur chun Tairbhe (Making Every Contact Count) (MECC) a fhairsingiú ina gcuimsítear cur chun cinn na meabhairshláinte agus na folláine mar chuid den phlean leasaithe um chur i bhfeidhm don chlár ón mbliain 2021 ar aghaidh. | Leanúint le plean um chur i bhfeidhm an MECC a chur i bhfeidhm don tréimHSE 2017-2020. | Leanúint le plean um chur i bhfeidhm an MECC a chur i bhfeidhm don tréimHSE 2017-2020. | Scóipeáil curtha i gcrích chun clár an MECC a fhairsingiú maidir le cur chun cinn na meabhairshláinte agus na folláine agus curtha san áireamh sa phlean leasaithe um chur i bhfeidhm don chlár ón mbliain 2021 ar aghaidh. |
| | B.6.1.3. Feabhas a chur ar dhiagnóis agus seirbhísí do mhná le | Ceannasaí: FSS | Cur i bhfeidhm Samhail Cúraim Náisiúnta FSS (MOC) do Sheirbhísí | Cur i bhfeidhm MOC FSS do SPMHS a chuirfidh feabhas le | Cur i bhfeidhm MOC FSS do SPMHS a chuirfidh feabhas le diagnóis do | Cur i bhfeidhm MOC FSS do SPMHS a chuirfidh feabhas le |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | fadhbanna meabharshláinte bainteach le toircheas. | Pairtnéir: An RS | Mheabharshláinte Imbhreithe Speisialaithe (SPMHS) a chuirfidh feabhas le diagnóis do mhná le fadhbanna a bhaineann la MS. Traenáil ar leith do chnáimhseaithe agus foireann príomh-chúraim in aithint agus bheith feasach ar bhealaí atreoraithe do SPMHS, faoi réir comhaontú An RS/FSS ar Phlean Seirbhíse do gach aon bhliain.<br>Féach freisin beart B.6.2.1. | diagnóis do mhná le fadhbanna a bhaineann la MS. Traenáil ar leith do chnáimhseaithe agus foireann príomh-chúraim in aithint agus bheith feasach ar bhealaí atreoraithe do SPMHS. | mhná le fadhbanna a bhaineann la MS. Traenáil ar leith do chnáimhseaithe agus foireann príomh-chúraim in aithint agus bheith feasach ar bhealaí atreoraithe do SPMHS. | diagnóis do mhná le fadhbanna a bhaineann la MS. Traenáil ar leith do chnáimhseaithe agus foireann príomh-chúraim in aithint agus bheith feasach ar bhealaí atreoraithe do SPMHS. |
| | B.6.1.4.<br>Síneadh a chur le scagthástáil dúghalair iarbhreithe ag PHNs do gach máthair, ag úsáid cur chuige caighdeánaithe bunaithe ar fhianaise. | Ceannasaí: FSS<br><br>Pairtnéir: An RS | Staidéar scóipe críochnaithe agus uirlis scagthástála molta comhaontaithe, faoi réir comhaontaithe An RS/FSS ar Phlean Sheirbhíse. | | Foireann tionscadail a bhunú.<br>Cáipéisí plé a fhorbairt.<br>Bonnlínte reatha a bhunú. | Athbhreithniú a thabhairt ar chleachta reatha críochnaithe.<br>Athbhreithniú ar fhianaise críochnaithe<br>Uirlis scagthástála molta. |
| | B.6.1.5.<br>Feidhmiú céimneach ar uirlis scagthástála d'fhorbairt sóisialta-mothúcháin - Ceistneoir Céimeanna agus Aoiseanna (ASQ) - do gach aon pháiste ag an seiceáil forbartha dhá bhliana. | Ceannasaí: FSS<br><br>Pairtnéir: An RS | Feidhmiú céimneach do gach leanbh ag an seiceáil forbartha dhá bhliana chun cinn. | Plean um Chur i bhFeidhm do thús scagthástála forbartha ASQ-3 teagmhála sláinte do pháiste 21-24 mí d'aois forbartha.<br>Clár traenála forbartha agus seachadta. | Uirlis scagthástála ASQ forbartha in úsáid ag teagmháil sláinte páiste 21-24 mí d'aois.<br>Plean measúnaithe comhaontaithe. | Measúnú ar chur i bhfeidhm ASQ-3 críochnaithe.<br><br>Obair chúlra tosaithe ar chur i bhfeidhm uirlise scagthástála sóisialta agus mothúcháin ASQ, faoi réir comhaontaithe An RS/FSS ar Phlean Seirbhíse. |
| | B.6.1.6.<br>Tacú le rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar Mheabharshláinte Luath-Óige dóibh sin a oibríonn le leanaí, páistí óga agus a dteaghlaigh i gcomhréir le forbairt an Tionscnaíochta Fhórsa Oibre Páistí (féach beart D.3.B.5). | Ceannasaí: FSS | Meabharshláinte naíonda curtha chun cinn agus tacaíocht faighte ó chláracha traenála suas-chun-dáta.<br><br>Féach freisin bearta B.6.1.1 agus B.6.2.6. | Clár traenála foghlama cumaisc i meabharshláinte naíonáin forbartha. | Soláthraithe seirbhíse sláinte do pháistí ag obair ar thraenáil meabharshláinte do naíonáin. | Soláthraithe seirbhíse sláinte do pháistí ag obair ar thraenáil meabharshláinte do naíonáin. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **6.2 Rochtain a fheabhsú ar thacaíochtaí agus seirbhísí meabharshláinte do leanaí, páistí óga agus teaghlaigh, le béim ar leith i dtionscnaíochtaí a dhéanann comhcheangal idir tacaíochtaí agus seirbhísí meabharshláinte i socruithe chun freastal ar pháistí agus ar an bpobal mór.** | B.6.2.1. An Samhail Náisiúnta um Chúram i gcomhair meabharshláinte Imbhreithe Speisialaithe a chur i bhfeidhm le hacmhainniú leanúnach. | Ceannasaí: FSS<br><br>Pairtnéir: An RS | Beidh rochtain éasca ag gach bean le linn an tréimhse imbhreithe ar sheirbhís meabharshláinte imbhreithe bunaithe i ngach seirbhís máithreachais. | Earcaíocht iomlán le haghaidh sé fhoireann Hub. Bailiúchán sonraí gníomhaíochta i bhfeidhm. Tús curtha le comh-phleanáil ar an Aonad Náisiúnta Máthair agus Leanaí (MBU) le eastáit CHO6, MHS, SVUH agus FSS. | A thuilleadh forbartha ar sheirbhís chomhtháite mol agus spóca i gcomhréir leis an MOC Náisiúnta. Nascacht a fheabhsú le CMHT agus PHN Fásta chun bealach comhtháite a fheabhsú do mhná. Feidhmiú pleanáilte seolta i gcomhair MBU, faoi réir comhaontaithe An RS/FSS ar Phlean Seirbhíse. | Tógáil MBU le tosú, faoi réir comhaontaithe An RS/FSS ar Phlean Seirbhíse. Leanúint den fhorbairt agus measúnú ar mol agus spóca Imbhreithe Speisialaithe MHS. Tuarascáil Measúnaithe a Dhéanamh ar an seirbhís imbhreithe ginearálta i suíomhanna mol agus spóca. |
| | B.6.2.2. Cinntiú go dtugtar áit tosaíochta do riachtanais leanaí, páistí óga agus a dteaghlaigh in *Refreshed Vision for Change* agus plean náisiúnta um chur chun cinn meabharshláinte. | Ceannasaí: An RS | Polasaí meabharshláinte úr agus plean náisiúnta um chur chun cinn meabharshláinte. | Polasaí meabharshláinte úr a fhorbairt agus a fhoilsiú i gcomhair *Refreshed Vision for Change.* | Plean um chur chun cinn meabharshláinte a fhorbairt agus a fhoilsiú le bearta chun tacú le leas feabhsaithe meabharshláinte thar an saolré agus an phobail.<br><br>Moltaí a chur i bhfeidhm in Vision for Change. | Moltaí a chur i bhfeidhm in Vision for Change.<br><br>An plean um chur chun cinn meabharshláinte a chur i bhfeidhm. |
| | B.6.2.3. Tairiscintí a fhorbairt agus a chostáil chun síneadh a chur leis an Seirbhís Shíceolaíoch Oideachasúil Náisiúnta (NEPS) do ELC. | Ceannasaí: An ROS<br><br>Pairtnéir: NEPS An RLGO | Samhail tacaíochta NEPS ar fáil do ELC. | An RLGO agus An ROS le scóip a fhiosrú i gcomhair samhla féideartha do NEPS in ELC.<br><br>Prótacal comhaontaithe a aithint i gcomhair tacaíochta eachtra criticiúil. | An RLGO chun comhaontú le samhail costáilte go hiomlán le NEPS i gcomhair a churtha i bhfeidhm. | Cur i bhfeidhm de réir comhaontaithe. |
| | B.6.2.4. Feabhas a chur ar an gcumas Seirbhísí Meabharshláinte do Pháistí agus Déagóirí (CAMHS) agus treoirlínte oibriúcháin athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. | Ceannasaí: FSS<br><br>Pairtnéir: An RS | Dul chun cinn ar thosaíochtaí CAMHS de réir leagtha amach i bPleananna Seirbhíse i gcomhair 2019, 2020 agus 2021. | Dul chun cinn a dhéanamh ar thosaíochtaí a bhaineann le CAMHS faoi réir an Phlean Seirbhíse FSS 2019, m.s. feabhas ar acmhainn Foirne CAMHS don | Dul chun cinn ar thosaíochtaí a bhaineann le CAMHS faoin bPlean Seirbhíse FSS 2020 | Dul chun cinn ar thosaíochtaí a bhaineann le CAMHS faoin bPlean Seirbhíse FSS 2021 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Phobal; Seirbhís 7 lá; Seirbhís Phráinne; Cúram Lae san Ospidéal; Cúram do Neamhoird Itheacháin; tacaíochtaí um Idirghabháil Luath. Samhail Tathanta CAMHS.<br><br>Oibríochta Athbhreithnithe FSS a Chríochnú Treoirlínte do CAMHS. | | |
| | B.6.2.5.<br>Rochtain a fheabhsú ar sheirbhísí meabharshláinte (lena n-áirítear seirbhísí comhairleoireachta agus síceolaíocha) a thugann cóireáil do dhúghalar máthartha, neamhoird imní agus mí-úsáid substaintí agus déileáil le haon bhearnaí i seirbhísí meabharshláinte do pháistí an-óga. | Ceannasaí: FSS<br><br>Pairtnéir:<br>An RS | Measúnú ar sheirbhísí píolóta críochnaithe. | Píolóta FSS do shíciatracht chianda agus seirbhísí comhairleoireachta ó chian. | Measúnú ar shíciatracht chianda agus seirbhísí comhairleoireachta ó chian. | Faoi réir meastóireachta ar shíciatracht chianda agus seirbhísí comhairleoireachta ó chian. |
| | B.6.2.6.<br>Cinntiú go gcuirfear feabhas ar rochtain ar thacaíochtaí meabharshláinte do mhná torracha agus máithreacha nua chun cúram cuí a chinntiú a mbeidh soláthraithe ar bhonn tráthúil i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Máithreachais. | Ceannasaí: An RS | Beidh rochtain éasca ag gach bean le linn an tréimhse imbhreithe ar sheirbhís meabharshláinte imbhreithe bunaithe i ngach seirbhís máithreachais.<br><br>Féach freisin bearta B.6.1.1 agus B.6.1.6. | Cnáimhsí Meabharshláinte earcaithe agus traenáil tugtha do gach 13 ospidéal spóca agus sé shuíomh hub. Cnáimhsí Meabharshláinte ag soláthar seirbhísí i gcomhréir le MOC agus sonraí bailithe i gcomhréir le foráil seirbhíse. | An cúigear Chnáimhseach MH fágtha le bheith earcaithe, faoi réir comhaontaithe An RS/FSS ar Phlean Seirbhíse. A thuilleadh traenála i gcomhair cúraim bunscoile agus foireann máithreachais ar bhealaí atreoraithe do SPMHS. Traenáil sonrach leanúnach do chnáimhsí MH agus foirne mol agus spóca. | A thuilleadh forbartha ar naisc le seirbhísí an phobail. Cur chuige grúpa oibre curtha i bhfeidhm nuair a dhírítear go cliniciúil. Leanúint ag tabhairt oideachais do gach seirbhísí máithreachais ar MH imbhreithe. Tuarascáil a Dhéanamh ar an seirbhís imbhreithe ginearálta i suíomhanna mol agus spóca. |
| | B.6.2.7.<br>A thuilleadh tacaíochta a thabhairt do thuismitheoirí | Ceannasaí: FSS | A thuilleadh tacaíochta in áit do thuismitheoirí a théann trí bhreith nó méala | Maoiniú tugtha d'Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc | A thuilleadh maoinithe sa todhchaí a bhraithfidh ar leithdháileadh agus an | A thuilleadh maoinithe sa todhchaí a |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | leanaí a fhaigheann diagnóis míchumais sa tréimhse imbhreithe agus dóibh sin a théann trí bhreith nó méala trámach. | Pairtnéir:<br>An RS | trámach. | chun comhairleoireacht méala breise a fhorbairt.<br>Próiseas chur i bhfeidhm méala críochnaithe.<br>Grúpa stiúrtha chur i bhfeidhm iar-mhéala in áit. | Plean Náisiúnta Seirbhíse.<br>Clinicí ainmnithe chun tacú le mná i ndiaidh breithe trámaigh. | bhraithfidh ar leithdháileadh agus an Plean Náisiúnta Seirbhíse. |
| | B.6.2.8.<br>Leanúint den fheidhmiú céimneach agus infheistíocht a dhéanamh ar na Cláracha Cliniciúla i neamhoird itheacháin, féindochair agus idirghabháil luath i síocóis (EIP).<br><br>A) Clár Cliniciúil Náisiúnta um Neamhoird Itheacháin.<br><br>B) Measúnú agus bainistíocht ar chur i láthair maidir le féindochair chuig an roinn éigeandála i ndiaidh Cláir Cliniciúla Náisiúnta féindochair.<br><br>C) An Clár Cliniciúil Náisiúnta um idirghabháil Luath i Síocóis<br><br>D) An Clár Cliniciúil Náisiúnta um ADHD i nDaoine Fásta.<br><br>E) Dédhiagnóis | Ceannasaí: FSS<br><br>Pairtnéir:<br>An RS | (A) 16 foireann neamhoird itheacháin in áit ag cuimsiú CAMHS agus seirbhísí do Dhaoine Fásta de réir Samhlach Cúraim comhaontaithe. Fórsa oibre oilte agus próiseas measúnaithe in áit.<br>(B) cur i bhfeidhm iomlán ar an gclár cliniciúil náisiúnta (NCP) thar an ngréasán roinn éigeandála (ED). Fórsa oibre oilte in áit le sonraí foilsithe ar ghníomhaíocht agus eispéireas seirbhíse an úsáideora seirbhíse/teaghlaigh.<br>(C) maoiniú comhaontaithe in áit chun síneadh a thabhairt ar an seirbhís EIP tharna seirbhíse meabharshláinte.<br>(D) Infhaighteacht náisiúnta seirbhíse do gach daoine fásta (iomlán maoinithe €6m ag teastáil).<br>(E) infhaighteacht náisiúnta seirbhíse do gach duine fásta le Dédhiagnóis measartha go géar (iomlán maoinithe €7.5m ag teastáil). | (A) trí fhoireann saineolaithe ar neamhoird itheacháin earcaithe agus in oibriúchán cliniciúil.<br>(B) clár cliniciúil in oibriúchán i trí ospidéal péidiaitrice Bhaile Átha Cliath.<br>(C) samhail Cúraim foilsithe. Trí shuíomh taispeána EIP tosaithe.<br>(D) Samhail Cúraim faofa ag Coláiste Síciaitrithe na hÉireann agus trí shuíomh taispeána bunaithe.<br>(E) samhail Cúraim críochnaithe ag grúpa oibre agus faofa ag Coláiste Síciaitrithe na hÉireann. Dhá shuíomh taispeána bunaithe | (A) Sé fhoireann saineolaithe ar neamhoird itheacháin earcaithe agus in oibriúchán cliniciúil.<br>(B) Earcaíocht leanúnach cliniceoirí chun targaid a bhaint amach ar CNS amháin do gach 200 cur i láthair maidir le féindochar in aghaidh ED.<br>(C) Tús a chur le foireann neamhspleácha do EIP i limistéar uirbeach (maoiniú ag teastáil). Plean traenála agus oideachais forleathan tosaithe.<br>(D) Tús ar mheasúnú trí shuíomh taispeána. Ceithre shuíomh taispeána a bhunú (maoiniú €2m). Oibriú le Coláiste Síciaitrithe na hÉireann chun a chinntiú go dtugtar traenáil do shíciaitrithe fásta i measúnú agus cóireáil ADHD.<br>(E) Tús ar mheasúnú dhá shuíomh taispeána. Trí shuíomh eile a bhunú. (Maoiniú €1.8m). Bealaí atreoraithe soiléire a bhunú le seirbhísí mí-úsáide Shubstaint Cúraim Príomhúil lena n-áirítear alcól. | (A) An deich bhfoireann eile maoinithe agus earcaíocht ar bun.<br>(B) Cur i bhfeidhm iomlán ar NCP i ngach ED ag tabhairt cúraim 24/7.<br>(C) Tuarascáil measúnaithe a bhrú ar an trí shuíomh taispeána EIP.<br>(D) na Seirbhísí eile a bhunú - seacht suíomh agus seirbhís do phríosúin Bhaile Átha Cliath (maoiniú €4m).<br>(E) na seirbhísí fágtha a bhunú. A thuilleadh feabhais a chur ar bhealaí comhtháite oibre. Foirne eile a bhunú chun dul i gcomórtas sa seirbhís náisiúnta. |

| Beart Straitéiseach | Aidhm C<br>Cuspóir 7 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Beart** | **Ceannasaí agus Pairtnéir** | **Príomh-aschur faoi 2021** | **Príomh-gharsprioc 2019** | **Príomh-gharsprioc 2020** | **Príomh-gharsprioc 2021** |
| **7.1 Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus teaghlaigh chun timpeallacht foghlama baile spreagúil a sholáthar do leanaí agus páistí óga, le béim ar leith ar shúgradh a chur chun cinn.** | C.7.1.1.<br>Feachtas faisnéise náisiúnta a dhéanamh chun feasacht a thógáil ar an ról tábhachtach a imríonn tuismitheoirí agus teaghlaigh ag tacú le luathfhoghlaim leanaí le comhairle agus faisnéis chun tuismitheoirí agus teaghlaigh a chumasú chun timpeallachtaí foghlama spraíúla a chothú. Faoi réir an fheachtais seo, déanfar feachtas chun léitheoireacht roimh chodladh a chur chun cinn. Gheobhaidh sé sin tacaíocht ó ócáidí a chuireann fáilte roimh leanaí i leabharlanna áitiúla chun suim sa léitheoireacht a spreagadh ón aois óg, agus spreagadh is rochtain a thabhairt d'ábhair léitheoireachta oiriúnach de réir aoise. | Ceannasaí: An RLGO | Feachtas faisnéise poiblí déanta. | Sceideal ar fheachtais comhaontaithe (féach cuid A.2.1.2).<br>Páipéir chúlra pas 1 ullmhaithe.<br>Athbhreithniú ar fhianaise pas 1 críochnaithe<br>Ceardlann cumarsáide eagraithe.<br>Aidhmeanna agus scóip an fheachtais comhaontaithe. | Comhairle cumarsáide urraithe.<br>Plean tionscadail forbartha agus tosaithe.<br>Páipéir chúlra pas 2 ullmhaithe.<br>Athbhreithniú ar fhianaise pas 2 críochnaithe | Straitéis feachtais faisnéise críochnaithe.<br>Gréasán na Roinne, Gníomhaire agus foireann NGO bainteach le tacú le luathfhoghlaim bunaithe chun dea-chleachtas a roinnt, a scaipeadh agus a chur chun cinn.<br>Feachtas faisnéise poiblí tosaithe. |
| | C.7.1.2.<br>Acmhainní a thabhairt do thuismitheoirí agus teaghlaigh chun tacú le luathfhoghlaim spraoiúil do leanaí ag tosú le Bosca Naíonán agus Píolóta ar Thionscnaíocht Mála Leabhair tríd an 5 Chlár | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir:<br>Le bheith cinnte ar bhunaíocht Grúpa Maoirseachta | Píolóta críochnaithe agus príomh-fhiannachtain ó mheasúnú ar fáil chun cuidiú leis na chéad chéimeanna eile. | Grúpa Maoirseachta a bhunú.<br>Pairtnéir a aithint chun a bheith i gceannas ar phíolóta. | Deartha píolóta comhaontaithe.<br>Comhairleoireacht réamh-phíolóta críochnaithe.<br>Páipéar scóipe foilsithe.<br>Pairtnéirí measúnaithe in áit. | Píolóta ar bun.<br>Measúnú comhreathach ar bun.<br>Athbhreithniú ar acmhainní ar fáil chun tacú le tuismitheoirí páistí óga. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Trialach. | | | | | |
| | C.7.1.3. Tógáil ar thionscnaíochtaí reatha, lena n-áirítear an Tionscnaíocht Deontais Tuismitheora agus naíonáin, a thuilleadh tacaíochtaí a fhorbairt don teaghlach, lena n-áirítear seantuismitheoirí, cairde agus comharsana a thugann cúram neamhfhoirmiúil. | Ceannasaí: An RLGO | Tionscnaíocht Tuismitheora agus Naíonáin feabhsaithe agus tairiscintí chun a thuilleadh tacaíochtaí don teaghlach a thugann cúram neamhfhoirmiúil. | An Deontas Tuismitheora agus Naíonáin a reachtáil i 2019. | An Deontas Tuismitheora agus Naíonáin a reachtáil i 2020. Athbhreithniú a thabhairt ar an nDeontas Tuismitheora agus Naíonáin agus tacaíochtaí féideartha eile a chuidíonn don teaghlach, cairde agus comharsan a thugann cúram neamhfhoirmiúil. Athbhreithniú tapa ar an gcoimisiún Léascáiliú ar an gcomhthéacs reatha. Agallaimh faisnéise príomha a dhéanamh. Moltaí a dhéanamh i gcomhair forbairtí ar an tionscnaíocht reatha. | Ar bhonn athbhreithnithe, athruithe a dhéanamh ar an Tionscnaíocht Tuismitheora agus Naíonáin agus tairiscintí a fhorbairt chun a thuilleadh tacaíochtaí. |
| **7.2 Rannpháirtíocht níos mó a éascú agus a mhealladh do thuismitheoirí i luathfhoghlaim i suímh ELC agus bunscoileanna.** | C.7.2.1. Treoir agus faisnéis a fhorbairt do thuismitheoirí agus teaghlaigh in ELC (agus cúram leanaí in aois scoile), lena n-áirítear faisnéis ar roghanna ELC (agus cúram leanaí in aois scoile) agus teidlíochtaí agus treoir ar príomh-tháscairí foráil ardchaighdeáin. Thar ama, machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun aimseoir ELC fíor-ama a fhorbairt (agus áiteanna cúram leanaí in aois scoile) le naisc le tuarascálacha iniúchta agus faisnéis ábhartha eile. | Ceannasaí: An RLGO | Beidh rochtain ag tuismitheoirí ar fhaisnéis do theidlíochtaí agus treoracha ar tháscairí forálach ardchaighdeáin. | Faisnéis maidir le ELC (agus cúram leanaí in aois scoile) Teidlíochtaí ar fáil ar shuíomh gréasáin Scéime Chúram Páistí Náisiúnta. | Treoir agus faisnéis a dhéanamh ar príomh-tháscairí cáilíochta do thuismitheoirí agus teaghlaigh agus comhaontú ar mhodhanna cumarsáide. | Obair scóipe déanta ar fhorbairt aimseora áite fíor-ama. |
| | C.7.2.2. Rannpháirtíocht níos mó a thacú do thuismitheoirí i luathfhoghlaim leanaí i | Ceannasaithe i gComhoibríocht: An RLGO agus AN ROS | Treoir agus traenáil do ELCs agus scoileanna. | Nascadh le forbairtí ar aistrithe (féach Aidhm 9), grúpa ceardlanna a bhunú chun machnamh ar | Obair scóipe déanta chun léarscáiliú a dhéanamh ar fhoráil reatha agus meicníochtaí féideartha a | Oibriú le pairtnéirí chun treoir agus traenáil a dhearadh agus a sheachadadh, |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | socruithe ELC agus bunscoileanna.<br>- Comhairle, treoir agus traenáil do shocraithe ELC a fhorbairt agus bunscoileanna chun caidrimh oibre éifeachtacha le gach tuismitheoirí, teaghlach agus pobail.<br>- Tacú le socruithe ELC nó bunscoileanna chun deiseanna a chruthú chun caidreamh tuismitheoirí a mhealladh is a neartú amhail cruinnithe tuismitheoir-cleachtóir, boird comhairleoireachta tuismitheora, oifigí idirghabhála ELC-baile, foireann tiomnaithe le freagracht as cuidiú do thuismitheoirí, lena n-áirítear tionscnaíochtaí i gcomhoibríocht leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Naíonra agus Bunscoile). | Pairtnéirí le bheith aitheanta i mbunaíocht grúpa oibre | | mheicníochtaí do chumarsáid le tuismitheoirí m.s. Suirbhéanna sásaimh do thuismitheoirí. | bhunú chun seachadta tacaíochtaí.<br>Pairtnéirí in áit. | ag cur le tionscnaíochtaí reatha. |
| **7.3**<br>**Bearta a ghlacadh chun clárúchán agus patrúin rannpháirtíochta dhearfach a chinntiú i suímh ELC agus bunscoileanna bunaithe ag an gcéad dheis.** | C.7.3.1.<br>Measúnú mion a dhéanamh ar chlár réamhscoile uilechoiteann chun grúpaí leanaí a aithint a bhfuil rátaí clárúcháin agus rátaí rannpháirtíochta atá níos ísle ná an ghnáthráta acu agus bearta a ghlacadh chun clárúchán agus rannpháirtíocht a mhéadú i measc na grúpaí sin. | Ceannasaí: An RLGO | Measúnú ar an gclár uilechoiteann naíonra. | Anailís a dhéanamh ar an mBunachar Sonraí Daltaí Ar Líne chun tuiscint níos fearr a bhaint as an gclár naíonra uilechoiteann.<br>Measúnú mion a thógáil ar dhearadh measúnaithe Cláir naíonra uilechoiteann.<br>Pairtnéir measúnaithe in áit. | Measúnú ar bun. | Measúnú críochnaithe.<br>Breathnóireacht ar fhiannachtain an mheasúnaithe agus freagraí a fhorbairt do pholasaithe, le tagairt d'fhorbairtí ar shamhail AIM agus DEIS i gcomhair ELC. |
| | C.7.3.2.<br>Cumhachtaí reachtúla a shíneadh don Seirbhís Leasa Oideachasúil do gach páiste faoi bhun sé | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir: Tusla | Faoi réir próisis rialacháin. | Dul chun cinn ar an mBille um Leas Oideachais (Leasú) faoi réir na tosaíochtaí rialacháin ó Thithe an Oireachtais. | Faoi réir próisis rialacháin. | Faoi réir próisis rialacháin. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | bliana d'aois i scoil aitheanta i gcomhréir le forbairtí rialacháin. | | | | | |

| Beart Straitéiseach | Aidhm C<br>Cuspóir 8 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Beart** | **Ceannasaí agus Pairtnéir** | **Príomh-aschur faoi 2021** | **Príomh-gharsprioc 2019** | **Príomh-gharsprioc 2020** | **Príomh-gharsprioc 2021** |
| **8.1 ELC ardchaighdeáin a dhéanamh (agus cúram leanaí in aois scoile) do leanaí agus páistí óga níos saoire.** | C.8.1.1.<br>Maoiniú leanúnach agus tacaíocht a thabhairt ar dhá bhliain iomlán an chláir naíonra uilechoiteann. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár agus, faoi réir fionnachtana, machnamh a dhéanamh ar na hathruithe atá de dhíth. Thar saolré na straitéise, teidlíocht dlíthiúil uilechoiteann chun réamhscolaíochta a thabhairt isteach. | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir:<br>Pobal | Bunreachtanna lena mbunófar teidlíocht dlíthiúil uilechoiteann chun réamhscolaíochta.<br><br>Féach freisin beart C.7.3.1. | Taighde tosaigh agus obair polasaithe chun eolas a thabhairt do theidlíocht dlíthiúil ar naíonraí. | Páipéar polasaí agus Cinn Billí chun teidlíocht dlíthiúil uilechoiteann a bhunú ar naíonraí. | Foilsiú agus tacú le ceadú Bille a thugann foráil do theidlíocht dlíthiúil uilechoiteann ar naíonraí. |
| | C.8.1.2.<br>Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a thabhairt isteach chun costas ELC rialaithe ardchaighdeáin a fhóirdheonú go poiblí (agus cúram leanaí in aois scoile) do theaghlaigh agus, thar ama, agus de réir a cheadaíonn acmhainní, cur de réir a chéile le líon na dteaghlach incháilithe chun foirdheontais dírithe agus rátaí fóirdheonaithe a chinntiú atá fréamhaithe i bhfoirmle maoinithe láidir bunaithe ar an gcostas seachadta ELC ardchaighdeáin (agus cúram leanaí in aois scoile). Measúnú a dhéanamh ar dheireadh bliana a trí ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus, faoi réir fionnachtana an mheasúnaithe, smaoineamh ar an ngá chun athruithe a | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir:<br>Pobal<br>DEASP<br>Oifig na gCoimisiúnaithe Ioncaim | Scéim tugtha isteach agus athbhreithniú deireadh na bliana críochnaithe. | An Scéim a thabhairt isteach, ar oscailt d'iarratais ó thuismitheoirí agus tús curtha le híocaíochtaí fóirdheontais faoin scéim. | Tús a chur le hathbhreithniú bliana amháin ar an scéim. | Athbhreithniú bliana amháin ar an scéim a chríochnú. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | dhéanamh ar an Scéim ag úsáid agus ag fairsingiú cáilíochta luamháin laistigh den Scéim chun feabhsuithe leanúnacha ar cháilíocht a chur chun cinn. | | | | | |
| | C.8.1.3.<br>Mar chuid den athchóiriú ar an samhail maoinithe, meicníocht chuí a fhorbairt chun táillí gearrtha ar thuismitheoirí a rialú nuair a fhaighimid infheistíocht bhreise ón Stáit in inacmhainneacht agus cáilíocht. | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir:<br>Le cinneadh ar bhunaíocht Grúpa Saineolaithe | Meicníochtaí rialaithe táillí comhtháite isteach i samhail maoinithe athchóirithe. | Páipéar oibre ar mheicníochtaí féideartha chun táillí a rialú a ghearrtar ar thuismitheoirí. | Comhairle dlíthiúil daingnithe ar mheicníochtaí rialaithe táille.<br>Torthaí a chomhtháthú ar pháipéar oibre agus comhairle dlíthiúil i samhail maoinithe. | Féach garspriocanna faoi réir samhla maoinithe nua. |
| | C.8.1.4.<br>Clárúchán a chur chun cinn agus a thacú do fheighlí linbh neamh-mhuinteartha íoctha atá incháilithe chun clárú le Tusla chun ullmhú do thabhairt isteach na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir:<br>CCCanna | Méadú sa chionroinnt tuismitheoirí a úsáideann feighlí linbh a mbeidh rochtain acu ar fhóirdheontais na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí. | Comhordaitheoir Feighlí Linbh Náisiúnta a cheapadh mar aon le foireann seisear Oifigigh Forbartha um Fheighlí Linbh chun oibriú le Coistí chúraim páistí na Cathrach/an Chontae, chun réimse tacaíochtaí a thabhairt do ghairmithe feighlí linbh chun clárú le Tusla. | Le comhordaitheoir Feighlí Linbh Náisiúnta mar aon leis an bhfoireann seisear Oifigigh Forbartha um Fheighlí Linbh, leanúint ag tabhairt réimse tacaíochtaí do ghairmithe feighlí linbh chun clárú le Tusla. | Le comhordaitheoir Feighlí Linbh Náisiúnta mar aon leis an bhfoireann seisear Oifigigh Forbartha um Fheighlí Linbh, leanúint ag tabhairt réimse tacaíochtaí do ghairmithe feighlí linbh chun clárú le Tusla. |
| **8.2**<br>**Soláthair ELC ardchaighdeáin fóirdheonaithe go poiblí a choinneáil agus a fhairsingiú (agus cúram leanaí in aois scoile) chun freastal níos fearr ar na riachtanais forbartha naíonán agus leanaí óga,** | C.8.2.1.<br>Rialachán a shíneadh go dtí gach gairmí feighlí linbh neamh-mhuinteartha eile (agus go cúram leanaí in aois scoile) ar bhonn céimnithe. mar gheall air sin, beidh fóirdheontais na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí ar fáil do níos mó tuismitheoirí a úsáideann seirbhísí feighlí linbh. | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir:<br>Le bheith sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta Feighlí Linbh | Foilseachán agus cur i bhfeidhm tosaigh Pleain Gníomhaíochta deich-mbliana, ina leagfar amach cur chuige céimnithe chun gairmithe feighlí linbh a thabhairt go dtí foráil ELC agus SAC príomhshrutha, rialacháin san áireamh.<br><br>Rialacháin tosaigh a chur i bhfeidhm do chúram páistí in aois scoile agus rialacháin chuimsitheacha a fhorbairt. | Plean Gníomhaíochta deich-mbliana a fhoilsiú agus tosú ar a churtha i bhfeidhm, ina leagfar amach cur chuige céimnithe chun gairmithe feighlí linbh a thabhairt go dtí foráil ELC agus SAC príomhshrutha, lena n-áirítear le rialachán.<br><br>Comhordaitheoir Feighlí Linbh Náisiúnta a cheapadh chun a bheith i gceannas ar an gcur i bhfeidhm tosaigh don Phlean | Céim 1 leis an bPlean Gníomhaíochta Feighlí Linbh a chur i bhfeidhm,<br><br>Tógáil ar an bpróiseas comhairleoireachta agus cur i bhfeidhm rialacháin tosaigh, tús a chur le forbairt rialacháin cuimsitheacha i gcomhair cúram leanaí in aois scoile. | Leanúint den chur i bhfeidhm ar Chéim 1 leis an bPlean Gníomhaíochta Feighlí Linbh a chur i bhfeidhm,<br><br>Forbairt ar rialacháin cuimsitheacha i gcomhair cúraim páistí in aois scoile. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **ag cinntiú go gcloíonn sé freisin le riachtanais agus roghanna tuismitheoirí agus teaghlach.** | | | | Gníomhaíochta Feighlí Linbh.<br><br>Rialacháin tosaigh a chur i bhfeidhm i gcomhair cúraim páistí in aois scoile, agus comhairleoireacht phoiblí a dhéanamh ar rialacháin cuimsitheacha. | | |
| | C.8.2.2.<br>Taighde a dhéanamh ar riachtanais ELC (agus cúram leanaí in aois scoile) le tuismitheoirí a oibríonn uaireanta neamhchoitianta nó a bhfuil cónaí orthu faoin tuath agus moltaí a fhorbairt i gcomhair bearta sa todhchaí. | Ceannasaí: An RLGO | Tuairisc agus moltaí déanta chun tacú le riachtanais tuismitheoirí a oibríonn uaireanta nó a bhfuil cónaí orthu faoin tuath. | | Tuairisc coimisiúnaithe ar riachtanais tuismitheoirí a oibríonn uaireanta neamhchoitianta nó a bhfuil cónaí orthu faoin tuath. | Tuarascáil críochnaithe.<br>Moltaí chun bearta sa todhchaí aitheanta. |
| | C.8.2.3.<br>Acmhainn a neartú chun meastóireacht chruinn a dhéanamh ar sholáthar agus éileamh ar ELC (agus cúram leanaí in aois scoile) trí mheasúnú leantach ar riachtanais náisiúnta. | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir:<br>An ROS<br>Pobal<br>CSO<br>ESRI | | Caidreamh a bhunú leis an Aonad Pleanála chun Tosaigh An ROS chun acmhainn sonraí a fhorbairt.<br><br>Sonraí bailithe tríd an Suirbhé Phróifíle Earnála Bliantúla agus múnlú SWITCH. | Réimse cur chuige a fhorbairt chun réamhaisnéis a thabhairt ar sholáthair agus éileamh, ag tógáil ar fhoinsí sonraí reatha agus nua lena n-áirítear sonraí ginte tríd an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. | Ag cur san áireamh sonraí reatha agus nua, moltaí a dhéanamh chun riachtanais sonraí sa todhchaí. |
| | C.8.2.4.<br>Leanúint ag riarú ciste inbhuanaitheachta a chinntíonn nach dteipeann ar fhoráil sna háiteanna is díothaí mar thoradh ar na leibhéil níos airde riachtanais agus/nó athruithe tréimhsiúla in áitíocht agus breathnú ar mheicníochtaí fadtréimhseacha mar chuid den samhail maoinithe nua. | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir:<br>Pobal | Meicníochtaí maoinithe agus tacaíochta in áit chun tacú le hinbhuanaitheacht seachadta na seirbhísí do chláracha An RLGO, ELC agus SAC. | Grúpa oibre ar inbhuanaitheacht na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí.<br><br>Snáithí Maoinithe Inbhuanaitheachta a chríochnú agus a sheachadadh, lena n-áirítear tacaíochtaí in ullmhúchán don Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí agus mainiú a fhreagraíonn do cheist ró-éilimh an CCS. | Tacaíochtaí reatha agus nua a sheachadadh a dhíríonn ar cheisteanna féideartha sonracha, lena n-áirítear an t-aistriú chuig an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí.<br><br>Athbhreithniú a thabhairt ar éifeachtacht na dtacaíochtaí inbhuanaitheachta ar fáil agus meicníochtaí fadtéarmacha a chur san áireamh mar chuid den samhail maoinithe nua. | Athbhreithniú a thabhairt ar éifeachtacht gach tacaíochtaí inbhuanaitheachta ar fáil.<br><br>Leanúint den fhorbairt ar infhaighteacht agus acmhainn na Bainistíochta Chás Pobail.<br>A thuilleadh machnaimh ar mheicníochtaí fadtéarmacha mar |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Tacar Uirlisí Inbhuanaitheachta críochnaithe agus seachadta.<br><br>Comhaontú agus críochnú cur chuige polasaí ar sheirbhísí "Speisialta".<br><br>Freagra Ionchathrach Oirthuaiscirt a sheachadadh. | Leanúint den fhorbairt ar infhaighteacht agus acmhainn na Bainistíochta Chás Pobail. | chuid den samhail maoinithe nua. |
| C.8.2.5.<br><br>Nuashonrú a thabhairt ar na Treoirlínte Pleanála Náisiúnta don fhorbairt shuíomh ELC (agus cúram leanaí in aois scoile). | Ceannasaí i gComhoibríocht: An RLGO agus DHPLG | Treoirlínte Pleanála Náisiúnta nuashonraithe don fhorbairt socruithe ELC (agus cúram leanaí in aois scoile). | An RLGO le hathbhreithniú tosaigh a chríochnú ar na treoirlínte reatha agus athruithe a mholadh i gcomhair plé leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Plé críochnaithe agus treoirlínte athdhréachtaithe ullamh chun comhairleoireachta níos leithne faoi dheireadh na bliana. | Grúpa geallshealbhóirí a bhunú.<br>Treoirlínte athbhreithnithe a nuashonrú de réir grúpa geallshealbhóirí.<br>Treoirlínte nuashonraithe críochnaithe agus foilsithe.<br>Rannphháirtíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla le treoirlínte nua agus nótaí míniúcháin. | Treoirlínte a chur i bhfeidhm. |
| C.8.2.6.<br>Plean infheistíochta caipitil straitéiseach a fhorbairt agus a fhoilsiú chun infheistíocht caipitil ar scála mór a sheachadadh faoin Tionscadal 2040 le cuspóir chun a chinntiú go gcloíonn an soláthair ELC ardchaighdeáin (agus cúram leanaí ar aois scoile) leis an éileamh. Áireofar leis an bplean píolóta seo tionscnaimh faoi réir na chéad 5 Chlár Trialach ar chleachtas nuálaíochta (m.s. Foráil ELC amuigh faoin aer). | Ceannasaí: An RLGO<br><br>Pairtnéir: Pobal | Comhaontú déanta ar chur chuige straitéiseach i leith infheistíocht chaipitil don LFC/SAC sula ndéantar leithdháileadh sceidealaithe ar chistí sna blianta ina dhiaidh seo. | An chéad dréacht-tuarascáil a chur le chéile chun foghlaim a dheimhniú a rinneadh i ndiaidh scéimeanna caipitil mórscála roimhe seo, scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil ar riachtanais acmhainneachta agus cháilíochta agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe beartais a bheidh ag teacht aníos. | Cur chuige straitéiseach a fhorbairt bunaithe ar mholtaí agus fianaise sa tuarascáil.<br><br>Comhaontú a dhéanamh le cur an RCPA i leith chistiú caipitil Thionscadal 2040. | Plean infheistíochta caipitil straitéisí a fhoilsiú. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | C.8.2.7.<br>Ba chóir úsáid as scoileanna agus áiseanna reatha an phobail a bhfuil timpeallachtaí cuí iontu chun cúram leanaí ardchaighdeáin lárnaithe ar pháistí ar aois scoile a mhéadú nuair a bhíonn éileamh chuige agus nuair is féidir é a éascú ag iontaobhaithe na scoile. Breathnóireacht a dhéanamh ar úsáid foirgnimh scoile a éascú, ag cur san áireamh na ceisteanna aimsithe go dtí seo, agus leanúint ag labhairt le húinéirí na maoine agus údaráis na scoile chun a thuilleadh úsáide as foirgnimh na scoile<br>a chur i méid más féidir. | Ceannasaí: An ROS | Treoirlínte ar úsáid Foirgnimh Scoile lasmuigh de Uaireanta Scoile nuashonraithe. | Suirbhé a dhéanamh ar shampla ionadaíoch de scoileanna maidir le húsáid foirgnimh scoile chun cúram iarscoile/clubanna a éascú, agus úsáidfear na torthaí sin chun cuidiú le hathbhreithniú ar na Treoirlínte maidir le húsáid Foirgnimh na Scoile lasmuigh Uaireanta Scoile. | Treoirlínte ar úsáid Foirgnimh Scoile lasmuigh uaireanta scoile a nuashonrú de réir torthaí an tsuirbhé 2019. | |
| | C.8.2.8.<br>Bearta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag páistí sna Gaeltachtaí ar fhoráil ELC trí mheán na Gaeilge. | Ceannasaí: DCHG | 20 seirbhís bhreise glactha ag Comhar Naíonra na Gaeltachta (CNNG).<br>430 páiste eile ag fáil seirbhísí trí mheán na Gaeilge (ardú 29%).<br>Tacaíocht/comhairle tugtha do 40 seirbhís (600 páiste ag freastal) ag oibriú trí Bhéarla maidir le húsáid na Gaeilge.<br>Feasacht ardaithe le 3,000 tuismitheoir maidir le seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge. | Leithdháileadh €355,000 soláthraithe i 2018/2019 ag an Roinn CNNG chun foráil seirbhísí bhreise sa Ghaeltacht faoin bPróiseas Pleanála Teanga.<br>Earcaíocht ar bheirt Oifigí Forbartha breise.<br>Ocht seirbhís bhreise glactha faoi lucht coimirce CNNG.<br>Tacaíocht/comhairle a thabhairt do 15 sheirbhís ag oibriú trí mheán an | Leithdháileadh €435,000 soláthraithe i 2019/2020 chuig CNNG chun foráil seirbhísí bhreise sa Ghaeltacht faoin bPróiseas Pleanála Teanga.<br>Earcaíocht ar bheirt Oifigí breise.<br>Sé sheirbhís bhreise glactha faoi lucht coimirce CNNG.<br>Tacaíocht/comhairle a thabhairt do 15 sheirbhís bhreise (30 in iomlán) ag oibriú trí mheán an Bhéarla maidir le húsáid na | Leithdháileadh €470,000 soláthraithe i 2020/2021 chuig CNNG chun foráil seirbhísí bhreise sa Ghaeltacht faoin bPróiseas Pleanála Teanga.<br>Sé sheirbhís bhreise glactha faoi lucht coimirce CNNG.<br>Tacaíocht/comhairle a thabhairt do 10 seirbhís bhreise (40 in iomlán) ag oibriú trí |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | DCHG agus Údarás na Gaeltachta<br><br>DCHG agus Údarás na Gaeltachta agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (OÉ Gaillimh) Agus Muintearas Teo | Traenáil deimhnithe soláthraithe do 60 fostaí | Bhéarla maidir le húsáid na Gaeilge ina gcuid seirbhísí. Cumarsáid a dhéanamh agus feasacht a ardú le 2,500 tuismitheoir maidir leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge. Nasc a fhorbairt i measc 20 seirbhís iarscoile agus 40 seirbhís naíonra, ag cur béime ar an dea-chleachtas san am céanna.<br><br>Tacaíocht a thabhairt d'oibrithe san earnáil ELC sa Ghaeltacht maidir le traenáil agus forbairt ghairmiúil chun a chinntiú go gcloítear le hacmhainn tógála agus forbairt scileanna. Traenáil scileanna agus acmhainne: díriú ar 20 oibrí.<br><br>Breathnóireacht a dhéanamh ar gach féidearthacht maidir le foráil cúrsaí ELC ag leibhéal FETAC 5 go 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) trí mheán na Gaeilge. | Gaeilge ina gcuid seirbhísí. Cumarsáid a dhéanamh agus feasacht a ardú le 2,600 tuismitheoir maidir leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge. Nasc a fhorbairt i measc 80 seirbhís iarscoile agus 110 seirbhís naíonra, ag cur béime ar an dea-chleachtas san am céanna.<br><br>Traenáil scileanna agus acmhainne: díriú ar 20 oibrí. | mheán an Bhéarla maidir le húsáid na Gaeilge ina gcuid seirbhísí. Cumarsáid a dhéanamh agus feasacht a ardú le 3,000 tuismitheoir maidir leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge. Nasc a fhorbairt i measc 90 seirbhís iarscoile agus 120 seirbhís naíonra, ag cur béime ar an dea-chleachtas san am céanna.<br><br>Traenáil scileanna agus acmhainne: díriú ar 20 oibrí. |
| | D.4.C.2.<br>Cuir an fhorbairt de cur chuige modheolaíochta ar aghaidh chun tacú le haon freagra leathan Rialtais don gCoiste NA um Chearta an Linbh agus do na moltaí a rinne sé gur cheart don Stát Éireannach "... measúnacht tionchair ar chearta leanaí a chur sa chreat don measúnacht tionchair shóisialta chun deimhniú go gcomhlíonann cinntí buiséadacha le hoibleagáidí faoin Choinbhinsiúin." | Ceannasaí:<br>RLGÓ<br><br>Comhpháirtí:<br>RCPA | Aontas déanta maidir leis an gcur chuige modheolaíochta agus tús curtha leis an bpróiseas chun an modheolaíocht a chur amach ar bhonn trialach leis na haonaid pholasaithe. | | Cuir tús le forbairt chur chuige modheolaíochta i leith measúnachtaí tionchair chearta leanaí. | Cur chuige modheolaíochta a thabhairt chun críche. Déan socruithe chun tástáil thrialach a dhéanamh le haonaid pholasaí. |
| | D.4.C.3.<br>Forbair creat náisiúnta measúnuithe agus meastóireachta don ELC, ag féachaint siar ar Chreat Cáilíochtaí don ECEC den AE, lena n-áirítear sainaithint sraith de tháscairí beartaithe ar an gcáilíocht, agus ar an gcainníocht sa soláthar, agus foilsiú rialta tuarascála monatóireachta náisiúnta. | Comhceannasaithe:<br>RLGÓ agus ROS | An Creat Náisiúnta Measúnuithe agus Meastóireachta don ELC a bheith socraithe agus tuarascáil mhonatóireachta náisiúnta foilsithe. | Fiosraigh an acmhainneacht atá ann chun ann an tuarascáil tíre ar Éirinn faoin tionscadail Cáilíochtaí Thar Rialacháin de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) a ailíniú le Creat Caighdeáin don ECEC de chuid an AE (féach gníomh D.4.C.3). | Grúpa oibre a thabhairt le chéile chun sraith de tháscairí a fhorbairt bunaithe na tosca roghnacha atá i gCreat Cáilíochta an AE. | Foilseachán na tuarascála monatóireachta náisiúnta. |
| | D.4.C.4.<br>Forbair uirlis tomhais chun cáilíocht seirbhísí luath-óige a mheasúnú, agus chun tús a chur leis sin, úsáid a bhaint | Comhceannasaithe:<br>RLGÓ agus ROS | Forbair uirlis chun caighdeán an chleachtais a thomhas agus chun monatóireacht a dhéanamh air, agus cuir tús leis an staidéar bonnlíne. | Déan scrúdú ar fhorbairt uirlise chun caighdeán an chleachtais a thomhas agus monatóireacht a | Staidéar bonnlíne a choimisiúnú ar an gcaighdeán cleachtais, trí uirlis nua a úsáid. | Déan an staidéar bonnlíne. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | as uirlis chun cáilíocht an chleachtais i lonnaíochtaí ELC a thomhas agus a mhonatóiriú. Déanfar staidéar bonnlíne náisiúnta lena mbainfear tairbhe as an uirlis, agus é d'aidhm aige sin athbhreithnithe d'ardchaighdeáin a dhéanamh go rialta chun an dul chun cinn atá déanta maidir le méadú na gcaighdeáin cháilíochta a mheasúnú. | | Sainchomhairle ar an fhorbairt beartais, go háirithe maidir le cáilíocht an ELC agus scrúdú a dhéanamh ar pholasaithe caighdeáin curtha ar fáil tríd an rannpháirtíocht ghníomhach d'Éirinn sa tionscadal Caighdeán Thar Rialacháin de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). | dhéanamh air i gcomhthéacs forbairt de chreat féinmheastóireachta.<br><br>Teacht ar comhaontú ar mhaoiniúchán agus ar shocruithe le haghaidh an rannpháirteachas sa tionscadal Caighdeán Thar Rialacháin de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus béim dírithe ar pholasaithe chun cur le cáilíocht an phróisis, go háirithe polasaithe maidir le forbairt an fhórsa oibre. Trí chomhaontas a dhéanamh maidir leis an rannpháirteachas, féachaint ar an acmhainneacht atá ann chun an raon a ailíniú le Creat Caighdeáin don ECEC de chuid an AE (féach gníomh D.4.C.4). | Tuarascáil ar chúlra na tíre tugtha chun críche le haghaidh an tionscadail Cáilíochtaí Thar Rialacháin. | Starting Strong VI foilsithe ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) chomh maith leis na tuarascálacha tíre a ghabhann leis. |

| **Beart Straitéiseach** | **Sprioc D Bloc Tógála 5** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Ceannasaí agus Comhpháirt(í/ithe)** | **Aschur Príomhúil faoi 2021** | **Garsprioc Phríomhúil faoi 2019** | **Garsprioc Phríomhúil faoi 2020** | **Garsprioc Phríomhúil faoi 2021** |
| **5.A Méadaigh an caiteachas poiblí ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh** | D.5.A.1. Cuir leis an infheistíocht phoiblí in ELC d'ardchaighdeán (agus i gcúram do leanaí ar aois scoile d'ardchaighdeán) do gach uile bhabaí agus leanbh óg chun an cháilíocht a mhéadú agus chun déileáil le cheist na hinacmhainneachta den soláthar seirbhísí do theaghlaigh, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal. Faoi 2028 beidh an méid infheistíochta poiblí in ELC (agus i gcúram do leanaí ar aois scoile) tar éis a bheith dúbailte. | Ceannasaí: RLGÓ | Infheistíocht méadaithe san ELC ó bhonnlíne 2019. | Feachtas meastachán rathúil bunaithe ar sonraí ardchaighdeáin agus ar fhianaise ar an gá atá ann d'infheistíocht bhreise san ELC. | Feachtas meastachán rathúil bunaithe ar sonraí ardchaighdeáin agus ar fhianaise ar an gá atá ann d'infheistíocht bhreise san ELC. | Feachtas meastachán rathúil bunaithe ar sonraí ardchaighdeáin agus ar fhianaise ar an gá atá ann d'infheistíocht bhreise san ELC. |
| | D.5.A.2. Soláthar infheistíocht chaipitiúil tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta chun an infreastruchtúr córais luath-óige a fhorbairt, lena n-áirítear foráil don cúram ELC agus do leanaí ar aois scoile, an Ospidéal Leanaí nua agus Aonaid um Chúram Práinneach, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais agus an Clár Tógála um Ionaid Chúraim Phríomhúil. | Ceannasaí: RS | An Ospidéal Leanaí Nua. Roinn na nOthar Seachtrach (OPD) Aonaid Chúraim Phráinne Chonghaile agus Thamhlachta tógtha. Tá tógáil an phríomhospidéil ar sprioc le bheith críochnaithe in 2022.<br><br>An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais. Tógáil d'ospidéal máithreachais nua ar bun. | An Ospidéal Leanaí Nua. Na hoibreacha tógála de Chéim A tugtha chun críche (na hoibreacha fostruchtúrtha ar an bpríomhláithreán). Tús curtha leis na hoibreacha Céim B (oibreacha 7-urlár d'airde) curtha ar aghaidh. Roinn na nOthar Seachtrach (OPD) Aonaid Chúraim Phráinne Chonghaile críochnaithe, go praiticiúil, in earrach 2019. | An Ospidéal Leanaí Nua. Oibreacha Céim B (oibreacha 7-urlár d'airde) curtha ar aghaidh. Roinn na nOthar Seachtrach (OPD) Aonaid Chúraim Phráinne Thamhlachta críochnaithe, go praiticiúil, i Samhradh 2020.<br><br>An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais. Táthar chun tús a chur leis na hoibreacha tógála chun ospidéal | An Ospidéal Leanaí Nua. Oibreacha Céim B (oibreacha 7-urlár d'airde) curtha ar aghaidh.<br><br>An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais. Leanfar ar aghaidh leis an tógáil. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Clár Tógála Ionaid Chúraim Phríomhúil. Cóiríocht oiriúnach chun na Buíonta Bunchúraim agus seirbhísí eile don phobal a éascú chun an raon iomlán de sheirbhísí a chur ar fáil. Táthar ag íoc as Ionaid Bunchúraim nua le comhaontuithe léasa, le comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí nó le cistiú caipitil ón Státchiste. | An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais. Tabharfar na hoibreacha scinceála ar an mbloc cógaslanna agus ar an gcarr clós chun críche. Clár Tógála Ionaid Chúraim Phríomhúil. Ag deireadh 2018, tá 127 ionad cúraim phríomhúil i bhfeidhm agus tá 17 gcinn eile atá beartaithe le hoscailt in 2019. Ba trí phróiseas soláthair na chéad Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí de chuid an FSS ar osclaíodh 14 de na hIonaid Phríomhchúraim a osclaíodh iad le déanaí. | máithreachais nua a thógáil ar champas San Uinseann. Clár Tógála Ionaid Chúraim Phríomhúil. Tógáil agus cíosú ionaid bhreise bunchúraim. | Clár Tógála Ionaid Chúraim Phríomhúil. Tógáil agus cíosú ionaid bhreise bunchúraim. |
| **5.B Forbair níos mó bealach chun cur chuige maidir le maoiniú tacaíochtaí do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil.** | D.5.B.1. I gcomhthéacs samhla nua de thacaithe tuismitheoireachta, glac le caighdeáin cháilíochta chun taca a chur faoi an maoiniúchán poiblí a dhéantar ar thacaithe tuismitheoireachta chun bonn níos straitéisí, comhsheasmhaí agus inbhuanaithe don obair seo, agus creat follasach, leis, le hacmhainní a leithdháileadh. | Ceannasaí: RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe: Tusla, an FSS agus an earnáil dheonach | Tá an coimisiniú, an maoiniúchán, an soláthar agus an monatóireacht feidhmíochta ar thacaíochtaí tuismitheoireachta ag réiteach leis na caighdeáin cháilíochta atá comhaontaithe. | | Doiciméad eolais ullmhuithe. | Caighdeáin cháilíochta comhaontaithe glactha ag na Ranna agus na Gníomhaireachtaí. Na caighdeáin cháilíochta nasctha le maoiniúchán na samhla um thacaí do thuismitheoirí. Treoir do Ranna agus Gníomhaireachtaí forbartha agus curtha amach. |
| | D.5.B.2. I gcomhthéacs an Cur Chuige Oil-Rialtais chun Déileáil leis an mBochtaineacht Leanaí, lean ar aghaidh ag | Ceannasaí: RGFCS | Leanfar ar aghaidh leis na tacaí ioncaim leanaí feidhmíocht láidir a bhaint amach i ngach earnáil den rialtas i dtéarmaí laghdú a bheith curtha leis an méid | Tá an ceathrú tuarascáil bhliantúil ar an BOBF, don tréimhse Aibreán 2017 go deireadh 2018, le bheith críochnaithe. Cuideoidh sé sin dúinn | Ba cheart go mbeadh an fheidhmíocht láidir leanúnach atá ag na tacaí ioncaim do leanaí agus do theaghlaigh le brath san anailís Iar-Cháinaisnéis. | Ba cheart go mbeadh an fheidhmíocht láidir leanúnach atá ag na tacaí ioncaim do leanaí agus do theaghlaigh le brath |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | cinneadh cad é an dearadh is fearr d'fhorlíonadh ioncam teaghlaigh chun a n-éifeachtúlacht agus a éifeachtacht a uasmhéadú chun an mbochtaineacht leanaí a híoslaghdú, agus chun cur le dreasachtaí chun fostaíochta ag an am céanna. Lean ar aghaidh ag forbairt cur chuige iltoiseacha chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht leanaí, chun cur leis na polasaithe um fhorlíonadh ioncam teaghlaigh. | | bochtaineachta leanaí atá ann agus an fhostaíocht a bheith dreasachta.<br>leagfar síos é mar sprioc polasaithe go laghdófar an bochtaineacht leanaí. | breithiúnacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo cur chuige uile-rialtais chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht leanaí. | | san anailís Iar-Chánaisnéis. |
| | D.5.B.3.<br>Forbair samhail mhaoinithe nua don ELC, agus tabhair an tsamhail sin isteach a chuirfidh leis an gcáilíocht soláthair feabhsaithe gan an inbhuanaitheacht do sholáthraithe ná an inacmhainneacht do thuismitheoirí a chur i mbaol. | Ceannasaí: RLGÓ | Maoiniúchán in áit chun an tsamhail maoiniúcháin a thrialladh. | Sainghrúpa ainmnithe.<br>Plean tionscadail mionsonraithe aontaithe.<br>Comhpháirtíochtaí um Taighde bunaithe.<br>Páipéir oibre céadchéime curtha ar aghaidh.<br>Comhaontas déanta maidir le bealach/bealaí de chur chuige i leith rannpháirteachas páirtithe leasmhara (mar shampla fóram comhairliúcháin, comhairliúchán pobail etc.). | Páipéir oibre dara céime curtha ar aghaidh.<br>Tús curtha leis an rannpháirteachas páirtithe leasmhara<br>Anailís eacnamaíochta críochnaithe.<br>Comhairle dlí daingnithe. | Aontas déanta maidir leis an clár trialach.<br>Tús curtha leis an scrúdú scóipe maidir leis an TF.<br>Tairiscint chostáilte forbartha le haghaidh an phróisis mheastacháin<br>Seirbhísí trialacha roghnaithe agus ullmhúcháin déanta le haghaidh an obair thrialach. |
| | D.5.B.4.<br>Déan forbairt bhreise ar an gcreat comhlíonta agus ar na treoirlínte airgeadais chun taca a chur faoi maoiniúchán poiblí ar an ELC agus ar an gcúram do leanaí ar aois scoile (SAC), agus córas beartaithe chun an maoiniúchán a aisbhaint ó lonnaíochtaí nach | Ceannasaí: RLGÓ | Feidhmiú an chreat, agus athbhreithniú déanta air. | Obair leanúnach ar fheidhmiú an chreat comhlíonta ag féachaint do rialacha na gclár maoiniúcháin de chuid na RLGÓ, go háirithe maidir le ceisteanna airgeadais.<br><br>Béim a chur ar na socrúcháin rialachais | Feidhmiú an chreat, agus athbhreithniú déanta air, chun breithmheas a dhéanamh ar faoin a bhfuil sé á leathnú amach, ag féachaint do cheisteanna eile dála na cáilíochta. | Feidhmiú an chreat, agus athbhreithniú déanta air. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | sásaíonn na ceangaltais atá ann (maidir le caighdeán nó coinníoll eile). | | | faoin Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí - treoirlínte airgeadais le heisiúint. | | |
| **5.C**<br><br>**Forbair sásanna iomchuí chun dul chun cinn ar an infheistíocht phoiblí sa luath-óige a rianú.** | D.5.C.1.<br>Forbair táscairí, ag féachaint siar ar obair atá déanta roimhe seo, chun infheistíocht poiblí sa luath-óige a aithint go beacht thar réimsí príomhúla caiteachais agus chun bonnlíne a chur i gcrích gur féidir an dul chun cinn a thomhas leis. Chomh maith le rianú a dhéanamh ar an méid iomlán de chaiteachas poiblí a chaitear ar an luath-óige, forbair táscairí breise airgeadais agus neamhairgeadais, agus déan monatóireacht orthu siúd, chun an dul chun cinn ar fhorbairt córas éifeachtach luath-óige a rianú, mar shampla an méid (sa mheán) den ioncam teaghlaigh a chaitear ar ELC (agus ar cúram do leanaí ar aois scoile), spriocanna maidir leis an mbochtaineacht leanaí, rátaí glactha de theidlíochtaí dála saoire thuismitheoireachta, rátaí pá san ELC. | Ceannasaí:<br>RLGÓ | Sraith de tháscairí chun tomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar an infheistíocht phoiblí sa luath-óige curtha i mbun. | | Bunaigh grúpa oibre.<br><br>Déan taighde ar foinsí sonraí agus táscairí atá ann roimhe seo. | Déan sraith de tháscairí a aithint agus a fhoilsiú chun tomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar an infheistíocht sa luath-óige i gcleachtas. |
| | D.5.C.2.<br>Lean ar aghaidh ag tabhairt faoi Measúnachtaí Tionchar Sóisialta ar an infheistíocht sa luath-óige, agus mar thús leis sin déan athbhreithniú ar an tionchar sóisialta atá ag athraithe ar conas a mhaoinítear an ELC agus an cúram do leanaí ar aois | Comhceannasaithe:<br>Na Ranna Rialtais atá ábhartha uile | Páipéir foilsithe go tréimhsiúil mar chuid den tSraith Measúnacht Tionchair Sóisialta, faoi threoir Chreat Measúnachta Tionchair Sóisialta de Sheirbhís Gheilleagair agus Mheastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES).<br>Athbhreithniú ar an chéad | Páipéir foilsithe go tréimhsiúil mar chuid den tSraith Measúnacht Tionchair Sóisialta | Páipéir foilsithe go tréimhsiúil mar chuid den tSraith Measúnacht Tionchair Sóisialta<br>Athbhreithniú ar oibriúchán na Scéime Náisiúnta um Chúram Leanaí tar éis aon bhliain amháin, ag féachaint ar thorthaí díreacha na scéime (an | Páipéir foilsithe go tréimhsiúil mar chuid den tSraith Measúnacht Tionchair Sóisialta<br>Ullmhúchán don athbhreithniúchán trí bliana (in 2022) ar an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí agus |


| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | scoile le déanaí. | | bhliain den Scéim Náisiúnta um Chúram leanaí tugtha chun críche. | | ráta glactha leis an gcúram leanaí, dáileadh na n-íocaíochtaí de réir ioncaim etc.). | torthaí níos leithne agus tionchar na scéime á mbrath aige. |

**Ag Tacú leis an gcur i bhfeidhm**

Le Céad 5, tugtar aitheantas ar cé chomh tábhachtach is atá comhoibriú láidir a bheith ann leis na Ranna Rialtais, leis na Gníomhaireachtaí Stáit agus le gníomhaireachtaí eile ar mhaithe le torthaí feabhsaithe a bhaint amach do naínaáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh. Tugtar aitheantas do na réimsí oibre idirnasctha, agus go mbíonn naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh faoi bhláth nuair a fheidhmíonn na páirtithe leasmhara go léir, ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil i gcomhar a chéile. Tabharfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ceannaireacht náisiúnta ar an gcomhiarracht seo agus deimhneoidh sé go réitíonn an polasaí náisiúnta leis an gcur i bhfeidhm áitiúil. Is freagracht comhroinnte é cur i bhfeidhm na Chéad 5, agus comhroinntear é ar fad an Rialtais.

Beidh na Ranna Rialtais ábhartha ag cuardach na n-acmhainní a cuireadh ar fáil do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis agus sa Phlean um Chur i bhFeidhm le linn próiseas na meastachán bliantúil.

**Struchtúir Churtha i bhFeidhm**
Tiocfaidh struchtúir churtha i bhfeidhm de chuid Céad 5 laistigh de chreat um chur i bhfeidhm foriomlán an BOBF. Táthar in ann cur chuige comhtháiteach maidir le seirbhísí agus tacaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar naíonáin, ar leanaí óga agus ar a dtuismitheoirí dá bharr. Cuirtear líonra fairsing cumasúcháin ar fáil do na Chéad 5 le struchtúir churtha i bhfeidhm an BOBF. Leis na struchtúir seo, tugtar páirtithe leasmhara ar fud Ranna an Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, agus na hearnálacha pobail agus deonacha, agus áireofar leo glórtha na leanaí agus na tuismitheoirí. Leis seo, ceanglaítear an polasaí náisiúnta, an plean áitiúil agus an soláthar seirbhíse.




**Coiste Comh-aireachta**
Sa deireadh, is ar an gCoiste Comh-aireachta ar an bPolasaí Sóisialta agus Seirbhísí Poiblí atá an fhreagracht as cur i bhfeidhm na Chéad 5. Tá an Taoiseach ina chathaoirleach ar an gCoiste Comh-aireachta agus is iad na comhaltaí atá air ná Airí na Ranna seo a leanas: Gnóthaí Eachtracha agus Trádála; Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta; Airgeadais agus Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú; Dlí agus Cirt agus Comhionannais; Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí; Leanaí agus Gnóthaí Óige; Sláinte; Oideachais agus Scileanna; Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; Forbartha Tuaithe agus Pobail; agus Cultúir, Oidhreachta agus an Ghaeltacht chomh maith leis na hAirí Stáit ar na cúraim seo a leanas: an t-Ardoideachas; Ceisteanna Míchumais; Cothú na Sláinte; An Comhionannas; An Inimirce agus an tImeascadh; an Mheabharshláinte agus Daoine Scothaoiste; An Rialtas Áitiúil agus an tAthchóiriú Toghchánach; An tSoláthar Poiblí, an Oscailteacht Rialtais agus an Ríomhrialtas chomh maith leis an Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin. Tugann Grúpa Oifigeach Sinsearach, a thagann le chéile roimh don Choiste Comh-aireachta agus a chuireann comhordanáidiú tras-rannach air, tacaíocht don Choiste Comh-

aireachta. Cuireann Coistí Comh-aireachta ceisteanna substainteacha ar aghaidh chuig an Rialtas le bheith faofa.

**Cuibhreannas um Polasaithe do Leanaí agus Daoine Óga**
Is éard atá i mballraíocht an Chuibhreannais um Polasaithe do Leanaí agus Daoine Óga, ar a bhfuil an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ina chathaoirleach air agus a thugann oifigigh shinsearacha de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Roinne an Taoisigh, ná ionadaithe ardleibhéil ó Ranna príomhúla agus Gníomhaireachtaí Stáit príomhúla de chuid an Rialtais, agus saineolaithe ainmnithe ag an gComhairle Chomhairleach agus an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta ar na Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga chomh maith. Déanann an Cuibhreannas maoirseacht ar fheidhmiú BOBF, agus déanann sé é sin a thiomáint, leis, thar Ranna, Gníomhaireachtaí agus earnálacha an Rialtais.

**An Grúpa d'Urraitheoirí**
Is éard atá sa Ghrúpa d'Urraitheoirí ná oifigigh shinsearacha ó na Ranna Rialtais atá ag stiúir feidhmiú na réimsí gníomhaireachtaí tras-rannacha sa BOBF. Tá a comhaltaí ina gcomhaltaí ar an gCuibhreannas um Polasaithe do Leanaí agus Daoine Óga chomh maith. Tugann an Grúpa d'Urraitheoirí moltaí maidir leis na tosaíochtaí atá ann chun freagra ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn. Beidh oifigigh shinsearacha de chuid fhoireann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá freagrach as an bpolasaí ar shaoire tuismitheora, agus an Rannóg Luathbhlianta sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag dul isteach sa Ghrúpa d'Urraitheoirí. Beidh an treoir atá leagtha amach sa Straitéis seo de chúnamh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcéad sraith eile de thosaíochtaí tras-earnála de chuid an Ghrúpa d'Urraitheoirí.

**An Grúpa Idir-Rannach**
Leanfaidh Grúpa Idir-Rannach Chéad 5 ar aghaidh ag teacht le chéile. Déanfar athbhreithniú ar bhallraíocht an Ghrúpa agus ar Théarmaí Tagartha an Ghrúpa seo ach is éard a gcuimseofar leis ná ionadaithe thar ceann Ranna Rialtais príomha agus Gníomhaireachtaí Stáit príomha. Beidh gach uile bhall freagrach as na gníomhaíochtaí lena bhfuil siad ceaptha a chur ar aghaidh agus a thuairisciú, ag dul i dteagmháil leis na páirtithe oiriúnacha, nuair is gá, chun obair i dtreo na ngníomhaíochtaí agus na ngarspriocanna a bheith bainte amach. Déanfaidh comhaltaí de chuid an Ghrúpa Idir-Rannach ar an dul chun cinn atá déanta maidir le tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú na Straitéise.

**An fhoireann feidhmiúcháin**
Táthar tar éis Foireann Feidhmiúcháin Céad 5 a bhunú sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Beidh an Fhoireann seo ar thús cadhnaíochta comhordanáidithe, monatóireachta agus forfheidhmithe Céad 5 chun deimhniú go bhfuil an t-infreastruchtúr atá de dhíth socraithe chun tacú leis an fhorfheidhmiú. I measc na gníomhaíochtaí príomhúla a bheidh ag an Fhoireann seo, áirítear Creat um Choimisiniú Taighde agus Meastóireachta Céad 5, forbairt Phlean Taighde agus Meastóireachta Céad 5, forbairt de Straitéis Chumarsáide Céad 5 agus forbairt tháscairí chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar de réir ama.

**An Chomhairle Chomhairleach**
Tairngríonn an Chomhairle Chomhairleach ar an taithí atá ann sna hearnálacha pobail agus deonacha, ón saol acadúil, agus uathu siúd a bhfuil saintaithí acu ar conas obair i gcomhar le leanaí agus daoine óga. Cuireann sé leis an bhfeidhmiú tríd an gcomhthaithí agus an comh-eolas. Léireofar cé chomh leathan is atá an taithí atá ann maidir leis an luath-óige sna hainmniúcháin nua ar an gComhairle Chomhairleach. Cuirfear cuireadh roimh an gComhairle Chomhairleach chun léirmheas agus tuairim a thabhairt ar an dréacht den Tuarascáil Bhliantúil ar Straitéis Chéad 5.

**Rannpháirteachas Páirtithe Leasmhara**
Beidh rannpháirteachas páirtithe leasmhara lárnach curtha i bhfeidhm na Chéad 5. Beidh idirchumarsáid agus comhairliúchán i gceist le beagnach gach uile ghníomh le páirtithe lasmuigh de Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear tuismitheoirí agus leanaí, an pobal mór, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann gairmithe in earnálacha éagsúla, fostóirí, eagraíochtaí pobail agus deonacha, chomh maith le heagraíochtaí a bhfuil saineolas iontu atá ábhartha don réimse lena mbaineann an gníomh, páirtithe sóisialta agus grúpaí eile. I gcásanna áirithe, bíonn buanghrúpaí d'ionadaithe ann a bhíonn de chuidiú chun cur leis an fhorfheidhmiú, agus chun treoir a thabhairt dó, dála Fhóram na Luathbhlianta agus Comhairle Chomhairleach BOBF, agus i gcásanna eile cuirfear grúpaí ar leith i mbun, nó bealaí cur chuige comhairliúcháin nó meicnic idir-theagmhála. Cé nach bhfuil sé indéanta gach uile gheallsealbhóir a liostáil in aghaidh

gach uile ghníomh, tá sé intuigthe go mbeidh an rannpháirtíocht ghníomhach ina príomhghné d'fheidhmiú na Straitéise seo.

Go háirithe, déanfar iarrachtaí ar leith chun bealaí curtha chuige a bhforbairt chun teagmháil a dhéanamh le leanaí óga agus lena dteaghlaigh ionas go leanann ar aghaidh leis na heispéiris a bhíonn acu agus lena roghanna a bheith lárnach do chéim fheidhmithe an Chéad 5. Sa Phlean um Chur i bhFeidhm leagfar amach garspriocanna ar leith chun creat a chur ar aghaidh le haghaidh Rannpháirteachas Leanaí agus an Aosa Óig le bheith déanta in éineacht le treoir agus oiliúint ar mhodheolaíochtaí agus ar mheicnic atá ábhartha do leanaí faoi 6 bliana d'aois. Forbróidh an tAonad um an Polasaí roimh Thacaíocht do Thuismitheoirí freisin chun slite chun dul i dteagmháil le tuismitheoirí a fhorbairt, dála painéal comhairliúcháin.

Chomh maith leis an gcomhairliúchán agus rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí agus tionscadail ar leith, tá uaillmhian suntasach ag na Céad 5 tuiscint a chur chun cinn ar cé chomh tábhachtach is atá an luath-óige ina iomláine, lena n-áirítear trí fheachtais faisnéise do thuismitheoirí, do theaghlaigh agus don phobal a sheoladh. Beidh Plean Cumarsáide agus Rannpháirteachais um Gheallsealbhóirí ag teacht amach níos déanaí in 2019 ina mbreacfar amach sonraí breise.

**An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta ar na Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga**
I measc na gcomhaltaí atá ar an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta ar na Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC) tá ionadaithe ó na gníomhaireachtaí príomhúla de sheirbhísí do leanaí ar an mbonn náisiúnta, lena n-áirítear an FSS, Tusla, agus na Boird Oideachais agus Oiliúna. Cuireann an Grúpa Stiúrtha naisc leis an gCuibhreannas um Polasaithe do Leanaí agus Daoine Óga le feidhmiú ar an talamh trí 27 CYPSC ag leibhéal an údaráis áitiúil. Deimhníonn an Grúpa Stiúrtha go mbíonn cainéal cumarsáide soiléir ann idir an feidhmiú náisiúnta agus an feidhmiú áitiúil, agus tacaíonn sé leis an gcomhoibriú idir-ghníomhaireachta.

**An phleanáil áitiúil agus an bonneagar seachadta**
Is éard is aidhm ag Céad 5 ná conas is fearr an phleanáil áitiúil agus an bonneagar a chur chun feidhme chun na forbairtí do leanaí, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh a thiomáint.

**Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga**
Déantar leis na Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) raon leathan de sholáthraithe seirbhíse reachtúla, pobail, agus deonacha ar leibhéal an údaráis áitiúil. Is é an ról atá acu ná chun an comhoibriú idirghníomhaireachta a fheabhsú agus chun na cúig thoradh náisiúnta a chur i gcrích do leanaí agus do dhaoine óga atá leagtha amach in BOBF. Tacaíonn na CYPSC leis an fhorfheidhmiú ag an leibhéal áitiúil agus tiomáineann siad an obair idir-ghníomhaireachta. Déanann Bainisteoir Ceantair Tusla cathaoirleacht ar na CYPSC agus déanann an Príomhfheidhmeannach Cúnta ar an údarás áitiúil an leas-chathaoirleacht air. Bíonn comhordaitheoir áitiúil ar gach aon cheann dóibh. Chomh maith leis sin bíonn bainisteoirí sinsearacha ó na soláthraithe móra de sheirbhísí do leanaí agus dá dteaghlaigh, soláthraithe reachtúla, pobail agus deonacha araon, ina gcomhaltaí ar na CYPSC. Ar gach aon CYPSC déantar feidhmiú Plean do Leanaí agus Daoine Óga (CYPP) trí-bliana a mhaoirsiú agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar na torthaí do leanaí ina gceantar féin. Sa CYPP, leagtar amach tosaíochtaí an CYPSC agus cuimsítear plean gníomhaíochta mionsonraithe leis. Eascraíonn na gníomhaireachtaí agus na tosaíochtaí ón anailís riachtanas áitiúla agus ó na tosaíochtaí a thagann as an BOBF. Forbairt pholasaí shuntasach is ea an Straitéis seo a chuireann le hobair na CYPSC. Déanann foirmeacha um threoirphlean CYPSC bonn chláir oibre do na CYPSC a bhunú bunaithe ar pholasaí agus ó threo straitéiseach a thagann ón An RLGO, ón nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta ar CYPSC agus ó Chuibhreannas um Polasaithe do Leanaí agus Daoine Óga BOBF. Faoi láthair na huaire táthar ag déanamh an treoirphlean a uasdátú chun na hathruithe atá ag teacht isteach do CYPSC ar fud na tíre a bheith curtha san áireamh. Oibríonn Líonraí de Sheirbhísí do Leanaí agus Teaghlaigh (CFSN) faoi leibhéal na CYPSC mar an sás áitiúil chun gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí líne thosaigh a chomhordánáidiú. Deimhnítear leis na CFSN go mbíonn teaghlaigh in ann teacht ar sheirbhísí a oireann dá riachtanais.

**Coistí Forbartha Pobail agus Áitiúil**
Cuireann Coistí Forbartha Pobail agus Áitiúil (CFPA) cur chuige trasearnála i bhfeidhm i leith cláraithe um an fhorbairt phobail agus áitiúil. Is éard a chuimsítear le CFPA ná baill agus oifigigh údaráis áitiúil, Gníomhaireachtaí Stáit, agus daoine a oibríonn in earnáil na

forbartha áitiúla, na forbartha pobail, agus in eagraíochtaí eacnamaíochta, cultúrtha agus comhshaoil. Baineann siad leas ar an taithí a bhíonn ag na gníomhaireachtaí áitiúla poiblí agus príobháideacha araon chun seirbhísí a chur ar fáil, go háirithe dóibh siúd a bhfuil an gá is géire orthu na seirbhísí sin a fháil. Tá na coistí seo freagrach as Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail sé-bliana a fhorbairt. Beartófar na tosaíochtaí príomhúla atá sa Phlean i leith Leanaí agus Daoine Óga an CYPSC idir Coistí Forbartha Pobail agus Áitiúil le bheith curtha san áireamh sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail an údaráis áitiúil. Cuirfidh na tosaíochtaí beartaithe leis na cuspóirí uileghabhálacha de chuid Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Rachaidh na CYPSC agus na LCDC i dteagmháil le chéile ar bhonn leanúnach ar fheidhmiú na tosaíochtaí atá beartaithe san LECP.

**Bonneagar ELC**

Feidhmíonn eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar bhonn náisiúnta agus áitiúla chun tacú le riar agus soláthar seirbhísí ELC. Ar bhonn náisiúnta déanann Pobal scéimeanna maoiniúcháin a bhainistiú thar ceann RLGO. Tugann an tSeirbhís Forbartha Cáilíochta Tús Feabhsaithe tacaíocht do sholáthraithe ELC trí mheantóireacht agus oiliúint a chur ar fáil, trí thacaíocht a thabhairt le forfheidhmiú an AIM, agus trí chur chuige comhtháite a chur i mbun chun ardchaighdeán a chur i gcrích ar fud na hearnála ELC. I ngach uile cheantar údaráis áitiúil, bíonn Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCC) ag tabhairt tacaíocht do thuismitheoirí agus do sholáthraithe ELC, agus ag cruthú naisc idir gnéithe den pholasaí náisiúnta agus ag cur treoraíocht ar fáil maidir leis an soláthar áitiúil. Glacann na CCC ról gníomhaíoch sna Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CYPSC) agus i líonraí áitiúla eile. Cuireann Eagraíochtaí Náisiúnta Dheonacha um Chúram Leanaí raon de thacaí ar fáil san earnáil ELC.

**Próisis agus meicnic chun monatóireacht a dhéanamh ar an fheidhmiú, agus tuairisc a thabhairt air**

**Monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn**
Cuirfear Foireann Feidhmiúcháin Céad 5 sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun tabhairt ar aghaidh comhordanáidiú agus monatóireacht ar fheidhmiúchán. Beidh tacaíocht tugtha don Fhoireann seo ag Grúpa Oibre Idir-Rannach (IDG) an Chéad 5. Tiocfaidh an Grúpa Idir-Rannach (IDG) le chéile agus cuirfidh sé nuashonrúcháin maidir leis an dul chun cinn dhá uair sa bhliain. Beidh a gcuid ball freagrach as an bhfeidhmiú a chur ar aghaidh laistigh dá Ranna agus dá nGníomhaireachtaí Stáit faoi seach, agus déanfaidh siad cúrsaí a chomhordú idir na páirtithe de réir mar a bhíonn gá leis.

**Tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn**
Déanfaidh an Fhoireann Feidhmithe Chéad 5 tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn, ina dtaifeadfar stádas agus dul chun cinn gníomhaíochtaí, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choiste Chomh-Aireachta ar an bPolasaí Sóisialta. Beidh an Tuarascáil Bhliantúil dírithe ar na spriocanna a bheith bainte amach san iomlán, agus béim ar leith inti ar na spriocanna ardleibhéil, ar na cuspóirí straitéiseacha agus ar na bloic thógála.

Déanfar tuairisc ar na táscairí a bhaineann le haois sa tacar táscaire BOBF chomh maith leis an dul chun cinn déanta i dtreo spriocanna de chuid an Chéad 5 (féach síos) bainte amach. Tá táscairí breise ann a bhaineann leis an Chéad 5 a dhéanfar a fhorbairt chomh maith.

**Spriocanna Chéad 5**

- Beidh tacaíocht do thuismitheoirí in Éirinn cúram a thabhairt dá gclann sa bhaile faoi 2028 ar feadh iomlán na céad bliana trí roinnt scéimeanna íoctha um shaoire teaghlaigh. Faoi 2021 beidh teidlíocht indibhidiúil de seacht seachtaine de shaoire thuismitheoireachta íoctha gur féidir a úsáid le linn luathbhlianta a leanaí, ionas gur féidir leis an leanbh, ar a mhéid, 14 seachtaine breise de chúram tuismitheoireachta a bheith ar fáil dó linn dá chéad bliana.
- Faoi 2028, beidh íoscháilíocht ag na feighlithe leanaí rialaithe go léir, beidh íoscháilíocht ag an fhoireann SAC go léir; agus beidh fórsa saothair san ELC ina mbeidh tosaíocht tugtha do chéimithe, agus cáilíocht oiriúnach ar leibhéal céime ar a laghad 50% de na baill foirne a bheidh ag obair duine-le-duine i dtimpeallachtaí ELC ionad-bhunaithe agus go mbeidh comhordaitheoirí ag tabhairt tacaíocht le obair na bhfeighlithe leanaí (agus tús-sprioc de 30% bainte amach faoi 2021).
- Faoi 2028 beidh an méid infheistíochta poiblí in ELC (agus in SAC) tar éis a bheith dúbailte.

Cuirfear cuireadh chuig Comhairle Chomhairleach BOBF chun tráchtaireacht a fhoilsiú ar fhorfheidhmiú na Tuarascála Bliantúla.

**Athbhreithniú ar an gCéad 5**
Clúdaítear an tréimhse idir 2019-2028 leis an gCéad 5. Cé go bhfuil an fhís uileghabhálach do na deich mbliana atá amach romhainn socraithe, is ar na chéad trí bliana atá na gníomhaíochtaí mionsonraithe sa Straitéis dírithe. Táthar chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis laistigh de thrí bliana maidir leis an fhreagracht agus chun deimhniú go gcoinneofar leis go mbeidh sé ábhartha. Cuirfear an dul chun cinn a bheidh déanta sa chéad chéim fheidhmiúcháin san áireamh i bplean gníomhaíochta úrnua lena dtabharfar freagra do na dúshláin nó do na bacainní a bheidh á nochtadh faoin am sin, agus ina léireofar gníomhaíochtaí nua a bheidh de dhíth chun dul i ngleic le cúinsí éagsúla a bheidh toradh acu ar an eispéireas a bhíonn ag leanaí, páistí óga agus a theaghlaigh, agus ag na torthaí a bhaineann siad amach, leis.

**Dúshláin, rioscaí agus laghduithe maidir leis an fheidhmiú**

Mar atá sonraithe sa Straitéis bhunúil, ní mór do na Ranna Rialtais oiriúnacha iarracht a dhéanamh na hacmhainní a chur ar fáil do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis sa ghnáth bhealach tríd an bpróiseas meastacháin bhliantúil agus vótáil déanta leis san Oireachtas, mar a tharlaíonn leis na tionscnaíochtaí go léir a dhéanann an Rialtas iad a mhaoiniú. Tá na gníomhaireachtaí forfheidhmithe tosacha go hiomlán ar an eolas maidir leis an gceanglas seo agus tá siad réidh chun na hacmhainní atá de dhíth a lorg. Déanfaidh an Rialtas faomhadh an chaiteachais a phlé i gcomhthéacs ina bhfuil gá ann ord cothrom a thabhairt do raon de thosaíochtaí, de dhálaí forleithne eacnamaíochta agus de cheisteanna polaitíochta. Féadfar go bhfágfaidh na hathruithe sin go gcuirfear an acmhainneacht dhóthanach chun gníomhaíochtaí an Chéad 5 a fheidhmiú i mbaol. Beidh teagmháil mharthanach polaitíochta chun cur leis an fheasacht, leis an tuiscint agus leis an tiomantas atá ann roimh an gCéad 5. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Ranna eile de chuid an Rialtais scrúdú ar fhoinsí maoiniúcháin eile (mar shampla Maoiniú na gcuntas díomhaoin agus Cistí Infheistíochta Struchtúrtha an AE) chun tacú leis na gníomhaíochtaí a bheith curtha i bhfeidhm nuair is cuí.

Táthar ag súil le roinnt shuntasach maidir le feidhmiú an Chéad 5 agus ardaidhm forleathan ann go mbainfear amach athrú dearfach leis na gníomhaíochtaí. Mar sin féin, ag féachaint ar chomh leathan is atá an Straitéis agus ar scála agus ar chastacht roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí, tá baol ann nach mbainfear amach an forfheidhmiú chomh tapa is lena bhfuil geallsealbhóirí, agus an pobal mór, ag súil. Is cuid den phróiseas cumarsáide faoi cad atá beartaithe agus faoi cé chomh tapa is a bheidh na forbairtí ag tarlú é an Plean um Chur i bhFeidhm seo, lena gcuirtear na gníomhaíochtaí i gcrích le linn na céad chéime, 2019-2021. Beidh sé tábhachtach go mbeidh na hacmhainní daonna agus airgeadais ar fáil chun deimhniú go n-éireoidh leis an bplean mar atá beartaithe.

Tá baol ann go gcaillfear cuid den mhóiminteam thar an tréimhse sínte agus nach leanfar ar aghaidh leis go dtugtar tús áite do ghníomhaíochtaí an Chéad 5 mar gheall ar an tréimhse fhada de dheich mbliana a mhairfidh an Straitéis, chomh maith leis an raon fairsing de ghníomhaireachtaí a bhaineann leis. Leis an tréimhse de thrí bliana a mhairfidh an Plean um Chur i bhFeidhm, ceadaítear níos mó béime a bheith curtha sa chéad chéim den fhorfheidhmiú. Ina dhiaidh sin déanfar athbhreithniú in 2021 chun dul ar ais i dteagmháil le Ranna Rialtais agus le Gníomhaireachtaí Stáit mar gheall ar fhorbairtí ag an bpointe.

Ar an mórchóir, breisíocht atá i gceist le gníomhaíochtaí an Chéad 5. Féadfar go bhfágfaidh sé, toisc nach bhfuil dóthain acmhainneacht bhreise sna Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit uile, go moilleofar gníomhaíochtaí nó nach gcuirfear i bhfeidhm iad. Is féidir go mbainfear siar baill foirne ó ghníomhaíochtaí mar gheall ar ghníomhaíochtaí a bhaineann lena ngnáthghnó nó chun freastal ar dhualgais nua a thagann chun cinn. Éascófar don bhéim a bheith curtha ar an tábhacht go bhfuil acmhainneacht foirne dóthanach agus seasmhach ann, agus bainisteoireacht ar an gcomharbas, leis, de réir mar atá de dhíth, agus go gcoinnítear an toil pholaitiúil láidir trí idirtheagmháil láidir idir Foireann Fheidhmithe an Chéad Cúig, Bord Bainistíochta na RLGÓ, idir a gcontrapháirtithe i Ranna Rialtais agus i nGníomhaireachtaí Stáit eile, agus trí struchtúir IDG agus BOBF chomh maith. Féadfar chomh maith go mbeidh acmhainneacht ann chun na dúshláin um acmhainneacht foirne a phlé, chun inniúlacht na foirne a fheabhsú trí shocruithe comhpháirtíochta reatha agus nua araon.

Le linn don Straitéis seo a bheith curtha i bhfeidhm, déanfaidh Foireann Fheidhmithe an Chéad 5, i gcomhpháirtíocht le Struchtúir Forfheidhmithe an BOBF, measúnú agus bainistíocht ghníomhach ar rioscaí chun deimhniú go n-éireofar leis an straitéis. Déanfar Clár Rioscaí a fhorbairt don Phlean um Chur i bhFeidhm, lena n-áireofar na rioscaí polaitiúla agus eacnamaíochta.

**Aguisíní**

[i] Allen, G. (2011) *Early Intervention: The Next Steps.* Londain: Rialtas na Banríona.
[ii] Phillips, D. A., & Shonkoff, J. P. (Eagarthóirí) (2000) *From Neurons to Neighborhoods: The Science of Early Childhood Development*. Washington: National Academies Press.
[iii] An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) (2003) *Pregnancy, Childbirth, Postpartum, and Newborn Care: A Guide for Essential Practice*. An Ghinéiv: WHO.
[iv] National Scientific Council on the Developing Child (2007) *The Science of Early Childhood Development*. Ar fáil ag: http://www.developingchild.net
[v] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2013) *Right from the Start: Report of the Expert Advisory Group on the Early Years Strategy.* Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
[vi] Hall, D.M.B & Elliman, D. (2006) *Health for all Children (4ú heagrán leasaithe).* Oxford: Oxford University Press.
[vii] Denyer, S. (2005) *Best Health for Children Revisited – Report from the National Core Child Health Programme Review Group to the Health Service Executive*. Baile Átha Cliath: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).
[viii] Epsing-Andersen, G. (1998) *Equal Opportunities in an Increasingly Hostile World.* Léachtaí Trois II. Sraith Léachtaí. Ar fáil ag: http://dcpis.upf.edu/~gosta-esping-andersen/materials/equal_oportunities.pdf.
[ix] Davies, C. & Ward, H. (2012) *Safeguarding Children Across Services: Message from Research.* Londain: Foilsitheoirí Jessica Kingsley.
[x] Jackson, K.M. & Nazar, A.M. (2006) Breastfeeding, the Immune Response, and Long-Term Health, *Journal of the American Osteopathic Association*, Imleabhar 106, lch 203-207.
[xi] Munro, E. (2011) *The Munro Review of Child Protection: Final Report*. A Child-Centred System. Londain: An Roinn Oideachais.
[xii] Allen, G. (2011) *Early Intervention: The Next Steps.* Londain: Rialtas na Banríona.
[xiii] Frost, J. L., Wortham, S. C., & Reifel, R. S. (2001) *Play and Child Development*. Prentice Hall: Merrill.
[xiv] Ruhm, C. J. (2004). Parental Employment and Child Cognitive Development. *Journal of Human Resources*, *39*(1), lch 155-192.
[xv] Merriman, B., Greene, S., Doyle, E. & McDaid, R. (2013) Tuarascáil ar Staidéar Cáilíochtúil Naíonán agus a dTuismitheoirí ag Tonn 1 (Naoi Mí). *Ag Fás Aníos in Éirinn: An Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha ar Leanaí.* Baile Átha Cliath: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
[xvi] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2013) *Right from the Start: Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar an Straitéis Luathbhlianta.* Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
[xvii] Russell, H., McGinnity, F., Fahey, É. & Kenny, O. (2018) *Maternal Employment and the Cost of Childcare in Ireland*. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI).
[xviii] Urban, M., Vandenbroek, M., Lazzari, A., Peeters, J., & van Laere, K. (2011) *Competence Requirements in Early Childhood Education and Care (CoRe).* A Study for the European Commission Directorate-General for Education and Culture. Londain agus Gent: Ollscoil Oirthear Londan, Ollscoil Ghent.
[xix] O'Kane, M. (2016) *Transition from Pre-School to Primary School. Tuarascáil Taighde Uimh.* 19. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).
[xx] Ibid.
[xxi] An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) (2006) *Starting Strong II: Oideachas agus Cúram na Luath-Óige.* Páras: An OECD.
[xxii] French, G. (2007) *Children's Early Learning and Development: A Background* Paper. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).
[xxiii] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2013) *Right from the Start: Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar an Straitéis Luathbhlianta.* Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.